Tionól Réigiúnach
an Oirthir agus Lár Tíre

Tuarascáil Bhliantúil 2024

Cumann Réigiún na hÉireann
Association of Irish Regions

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre
Eastern and Midland Regional Assembly

Clár Ábhar

- Teachtaireacht ón gCathaoirleach 4
- Teachtaireacht ón Stiúrthóir 5

Réamhrá

- Feidhmeanna na dTionól Réigiúnach 8
- Oifig Eorpach Réigiún na hÉireann (IREO) 9

2024 - buaicphointí na bliana 10

Cruinnithe Tionóil & Ballraíocht

- Cruinnithe an Tionóil 15
- Cruinnithe & Ballraíocht Fochoistí 15

An Clár Oibre Réigiúnach a Thiomáint

- Maoirseacht agus Feidhmeanna an Tionóil 17
- Bonn Eolais a Chur Faoi Cheapadh Beartais 18
- Tionchar a imirt ar Bheartas Eorpach 20

Tionchar nithiúil a sheachadadh ar an talamh

- Cur i bhfeidhm RSES 27
- Rannpháirtíocht i dtionscadail 29
- Ceannaireacht i seachadadh cistí AE 30
- Bheith ina mhol acmhainní don Réigiún 35

Fás mar Réigiún

- Sócmhainní EMRA a chur in iúl agus a chur i láthair 39
- Corparáideach, AD agus Airgeadas 41
- Úsáid fuinnimh an Tionóil Réigiúnaigh 43

Iarscríbhinní

- Liosta foirne 2024 45
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023 46
- Clár Comhardaithe Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre amhail an 31 Nollaig 2023 47
- Liúntais agus Costais Chomhaltaí 2023 48

Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Tá áthas orm 10ú Tuarascáil Bhliantúil Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre a chur i láthair.

Bliain athraithe ab ea 2024 don Tionól. Chiallaigh na toghcháin áitiúla a tionóladh i mí an Mheithimh gur thosaigh Tionól nua a théarma cúig bliana i mí Iúil. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach Comhalta den Tionól as a dtiomantas agus as a gcuid dianoibre le linn na tréimhse roimhe seo agus trácht ar leith ar mo réamhtheachtaí mar Chathaoirleach, an Comhairleoir Kate Feeney. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Chomhaltaí nua agus iad siúd atá ag filleadh, agus buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht agus a ndúthracht, go háirithe mo Leas-Chathaoirleach an Comhairleoir David Healy.

In 2024, reáchtáladh an dara heagrán de sheimineár oiliúna Chumann Réigiún na hÉireann, "Réigiúin i bhFócas", in Áth Dara (Co. Luimnigh) inar tugadh Comhaltaí Tionóil agus ionadaithe tofa áitiúla ó gach cearn d'Éirinn le chéile chun plé a dhéanamh ar fhorbairtí reatha i bpleanáil na hÉireann agus ar na dúshláin a eascraíonn as an athrú aeráide.

Mar Thionól, rinne Comhaltaí aighneachtaí chuig Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach agus dréacht-phleananna Eacnamaíocha agus Pobail Áitiúla agus aighneachtaí neamhreachtúla freisin i ndáil le pleananna, cláir, straitéisí agus treoirlínte náisiúnta chun a áirithiú go gcuirtear an pheirspictíocht Réigiúnach san áireamh sna pleananna sin. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn chun an RSES a chur i bhfeidhm, agus tá tús curtha leis an obair réamhullmhúcháin chun athbhreithniú an RSES a ullmhú.

Lean an Réigiún dá phróifíl Eorpach a thógáil agus a thionchar i gceapadh beartais san Eorpach a neartú i rith na bliana. De réir mar atá na hullmhúcháin don chreat buiséadach Eorpach amach anseo ar siúl, tá dhá pháipéar seasaimh glactha ag na Feisirí maidir le todhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe ag tacú le go gcoinneoidh na Réigiúin ról lárnach i gcur i bhfeidhm an bheartais agus go gcuirfidh siad a ghné áitbhunaithe chun cinn. Chomh maith leis sin, thacaigh an Tionól le páipéar seasaimh maidir le bithéagsúlacht agus leis an Dlí um Athchóiriú an Dúlra a chuir líonra ENCORE chun cinn agus lean Comhaltaí thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún de bheith an-ghníomhach ar an saol Eorpach.

Agus an Tionól Réigiúnach ag druidim le 10 mbliana ar an bhfód, tá dul chun cinn breise déanta ag EMRA chun ár gcuspóirí Corparáideacha a bhaint amach agus tá obair déanta acu chun forbairt agus fás inbhuanaithe Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a áirithiú. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis na foirne faoi stiúir a Stiúrthóra Chúnta Clare Bannon agus buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht.

Catherine Fitzgerald

An Clr Catherine Fitzgerald
Cathaoirleach

Teachtaireacht ón Stiúrthóir

Cuirtear i láthair i dTuarascáil Bhliantúil 2024 na gníomhaíochtaí a rinne an Tionól Réigiúnach i rith na bliana agus déantar monatóireacht ar an dul chun cinn chun na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Corparáideach 2019-2024 a bhaint amach.

Bhí an bhliain suntasach mar gheall ar na toghcháin áitiúla agus bunú Tionóil nua ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil i mí Iúil. Ag an gcruinniú seo, toghadh an Comhairleoir Catherine Fitzgerald mar Chathaoirleach agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi féin agus leis na Comhaltaí uile as a dtacaíocht agus as a dtiomantas leanúnach don Tionól.

I rith na bliana, lean an Tionól de dhul chun cinn a dhéanamh i gcur i bhfeidhm an RSES agus rinne sé tuilleadh forbartha ar an Monatóir Forbartha Réigiúnaí, ag aontú trí iarscríbhinn a chur leis an tairseach atá ann cheana féin. Chomh maith leis sin, chuir EMRA feabhas breise ar a ról i gceapadh beartais trí pháirt a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus réigiúnacha atá ailínithe le tosaíochtaí réigiúnacha.

I mbliana, dhírigh tionscadal ORIGINN ar Dhigitiú, ar an nGeilleagar Glas agus ar Nuálaíocht Shóisialta. Bhí EMRA ina óstach do chomhpháirtithe an tionscadail le linn cuairte staidéir inar taispeánadh nuálaíocht ar fud an réigiúin Lár Tíre.

Bhí cur i bhfeidhm Chiste AE um Aistriú Cóir fós ina phríomhfhócas ag an Tionól in 2024. Seoladh glaonna nua ar thograí agus rinneadh sraith roghnúcháin agus fógraí tionscadal i rith na bliana. Fógraíodh go raibh 70 oibríocht roghnaithe, arb ionann iad agus EUR 83,477,253 san iomlán (thart ar leathchuid den chiste) a leithdháileadh ar fud na dtrí thosaíocht, rud atá ina chéim spreagúil i dtreo spriocanna an Chláir a bhaint amach.

Lean EMRA, mar phointe Teagmhála náisiúnta do chláir URBACT agus Tionscnamh Uirbeach na hEorpa (EUI), de thacú le hiarratasóirí agus le comhpháirtithe tionscadail Éireannacha. Eagraíodh lá faisnéise ar an dá chlár ag tús na bliana. Chuaigh beirt chomhpháirtithe Éireannacha isteach i líonraí nua URBACT agus bronnadh lipéad dea-chleachtais URBACT ar thrí údarás áitiúil Éireannacha. Chomhordaigh EMRA eagrú imeachta um fhorbairt acmhainne EUI a dhírigh ar an Bauhaus Eorpach Nua agus a bhí dírithe ar údaráis áitiúla.

Lean Oifig Eorpach Réigiún na hÉireann (IREO) de thacaíocht agus treoir a thabhairt do thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún agus bhuail an toscaireacht leis an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha, Jennifer Carroll Mac Neill. Chuir an IREO comhairle agus léargais ar fáil d'údaráis áitiúla ar mian leo a bheith páirteach i dtionscadail agus in imeachtaí Eorpacha. Ag obair i gcomhar le EMRA agus leis na Tionóil Réigiúnacha eile, bhí ról lárnach ag an IREO maidir le páipéar seasamh comhpháirteach a ullmhú arna ghlacadh ag na trí Thionól Réigiúnacha maidir le Todhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe.

Ar deireadh, bhronn an Coimisiún Eorpach stádas 'Gleann Nuálaíochta Réigiúnach' ar EMRA, rud a aithníonn acmhainneacht an réigiúin mar mhol do nuálaíocht agus d'fhás eacnamaíoch.

Agus muid ag machnamh ar éachtaí na bliana, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Príomhfheidhmeannach Ainmnithe EMRA atá ag imeacht, Joan Martin, as a ceannaireacht agus as a tiomantas don eagraíocht le naoi mbliana anuas agus guím gach rath uirthi ina cuid iarrachtaí amach anseo. Ag an am céanna, tá áthas orm fáilte a chur roimh Kieran Kehoe mar an Príomhfheidhmeannach nua ainmnithe, ar duine é a thugann réimse leathan taithí leis chuig an eagraíocht. Táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar le chéile chun leanúint ar aghaidh ag cur leis na bunsraitheanna a leagadh sna blianta roimhe seo.

Rinne an Tionól go leor dul chun cinn agus éachtaí in 2024, rud a chabhraigh linn teacht níos gaire dár spriocanna a bhaint amach agus athrú nithiúil a chur i gcrích ar an talamh. Maidir leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gComhaltaí agus leis an bhfoireann as a gcuid rannchuidithe le rath na bliana seo.

Clare Bannon

Clare Bannon
Stiúrthóir Gníomhach

Réamhrá

Tá Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) ar cheann de na trí Thionól Réigiúnacha a bunaíodh in Éirinn in 2015 i ndiaidh achtú Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.



Mar chuid de struchtúr an rialtais áitiúil, oibríonn EMRA go neamhspleách chun réimse feidhmeanna a sholáthar don Réigiún lena n-áirítear ceapadh beartais, monatóireacht agus maoirseacht agus comhordú feabhsaithe a chur chun cinn inár Réigiún.

Tá 12 chomhairle cathrach agus contae sa Réigiún agus tá sé comhdhéanta de Chomhaltaí tofa (comhairleoirí) a thoghann a gcomhghleacaithe sna 12 chomhairle chun ionadaíocht a dhéanamh orthu go réigiúnach nó mar chomhaltaí de thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún.

Is é an Réigiún an réigiún is lú é de na trí réigiún Éireannacha ó thaobh achar na talún de ach is é an réigiún is mó é ó thaobh mhéid an daonra de, agus níos mó ná 2.5 milliún duine ina gcónaí ann. Gníomhaíonn an Réigiún mar gheata idirnáisiúnta chun an oileáin agus aerfoirt agus calaí tábhachtacha suite ar Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus naisc bhóithre agus iarnróid straitéiseacha náisiúnta ann. Is í an phríomhlonnaíocht príomhchathair Bhaile Átha Cliath, atá tacaithe ag líonra de bhailte réigiúnacha agus contae agus cúlchríoch tuaithe fhairsing.



Staidreamh

- An réigiún is mó maidir le daonra agus os cionn 2.5 milliún duine aige
- An réigiún is lú maidir le hachar talún, ag clúdach thart ar 14,500 ciliméadar cearnach
- An réigiún is mó fás agus 211,000 duine níos mó (+9%) idir na blianta 2016 agus 2022
- Réigiún na príomhchathrach agus 1.5 milliún duine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Is í Conair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste an ceirtleán eacnamaíoch is mó ar oileán na hÉireann agus cuid de ghréasán tras-Eorpach iompartha
- Inneall eacnamaíoch náisiúnta a chuireann níos mó ná 1.3 milliún post ar fáil agus leath den OTI

3 Limistéar Pleanála Straitéisí

12 Údarás Áitiúil

Réigiún Lár Tíre	Réigiún an Oirthir	Réigiún Bhaile Átha Cliath
318,000	764,100	1,458,100
47 duine	108 duine	1,551 duine
+8.8% (25,700)	+10.9% (75,200)	+8.2% (110,700)



Feidhmeanna na dTionól Réigiúnach

Tá sé mar aidhm ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre ról lárnach a imirt i bhforbairt an Réigiúin chun leasa a shaoránach. Tá an ról seo dírithe ar thrí ais: pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe, gnóthaí Eorpacha agus éifeachtacht sa rialtas áitiúil.

Is iad na trí réimse sin croílár fheidhmeanna EMRA.

Pleanáil Straitéiseach & Forbairt Inbhuanaithe

- **Beartas a dhéanamh**
  straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm don Réigiún
- **Maoirseacht a chur ar fáil**
  breathnuithe reachtúla i ndáil le Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae (CDPanna) agus Pleananna Eacnamaíocha agus Pobail Áitiúla (LECPanna) na n-údarás áitiúil, agus aighneachtaí neamhreachtúla chuig Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí gaolmhara le linn a dtréimhsí comhairliúcháin phoiblí

Gnóthaí AE

- **Cistí a bhainistiú**
  Ciste AE um Aistriú Cóir, Cláir Réigiúnacha CFRE agus Coistí Faireacháin INTERREG, rannpháirtíocht i dtionscadail atá maoinithe ag an AE
- **Tacaíochtaí a chur ar fáil**
  Oifig Eorpach Choiste na Réigiún agus Réigiún na hÉireann sa Bhruiséil agus ról an Phointe Teagmhála

Rialachas Corparáideach

- **Rialachas il-leibhéil a chur chun cinn**
  comhoibriú idir leibhéil AE/Náisiúnta/Réigiúnacha agus áitiúla
- **Rialachas réigiúnach a neartú**
  tacaíocht do Chomhaltaí agus feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh

Oifig Eorpach Réigiún na hÉireann (IREO)

Cuireann an IREO, atá á bhainistiú ag EMRA, seirbhís chomhroinnte ar fáil do na trí Thionól Réigiúnacha agus do 31 údarás áitiúla in Éirinn (LRAnna) agus díríonn sé ar an AE a thabhairt níos gaire don earnáil rialtais áitiúil agus a mhalairt. Tá sé mar aidhm ag straitéis IREO a áirithiú go seachadann an oifig comhairle agus faisnéis straitéiseach thráthúil maidir le forbairtí beartais AE do na trí Thionól Réigiúnacha agus d'údaráis áitiúla in Éirinn.

Cuirtear an straitéis seo i bhfeidhm trí:

- Feasacht a ardú agus na deiseanna a chur in iúl maidir le rannpháirtíocht i gcláir mhaoinithe AE.
- Deiseanna a lorg chun tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais AE.
- Acmhainn, líonraí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le réigiúin eile san AE
- Treorú a dhéanamh chuig Pointí Teagmhála Náisiúnta atá lonnaithe i dTionóil Réigiúnacha, agus aird á díriú ar a ról maidir le tacaíocht forbartha a sholáthar roimh thionscadail agus ina ndiaidh
- Próifíl láidreachtaí an Rialtais áitiúil agus réigiúnaigh in Éirinn a ardú maidir le comhpháirtithe Eorpacha agus institiúidí AE.

2024 - buaicphointí na bliana

Tionól Nua, CGB agus toghchán Cathaoirligh

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil, bunaíodh Tionól nua i mí Iúil 2024. Ag an CGB Dé hAoine, 12 Iúil 2024, toghadh an Comhairleoir Catherine Fitzgerald, Comhairle Contae Laoise mar Chathaoirleach EMRA agus toghadh an Comhairleoir David Healy, Comhairle Contae Fhine Gall mar Leas-Chathaoirleach.

An Comhairleoir Catherine Fitzgerald, Cathaoirleach, Joan Martin, Príomhfheidhmeannach Lú agus Clare Bannon, Stiúrthóir Gníomhach

Cruinniú Mullaigh Eorpach na Réigiún agus na gCathracha

Ghlac EMRA agus IREO páirt i gCruinniú Mullaigh Eorpach na Réigiún agus na gCathracha a tionóladh i Mons na Beilge ón 18ú go dtí an 19ú Márta, ag cur ról an Tionóil i gcláir agus i dtionscadail Eorpacha i láthair lucht féachana mór Eorpach, lena n-áirítear Comhaltaí CoR agus Uachtarán CoR.

Uachtarán CoR Vasco ALVES CORDEIRO, an Comhairleoir Michael Murphy, Ceannaire thoscaireacht na hÉireann le baill foirne ó na trí Thionól Réigiúnacha

Seimineár agus imeacht oiliúna AIR "Réigiúin i bhFócas" i Luimneach

Reáchtáil Cumann Réigiún na hÉireann a dhara seimineár oiliúna i Luimneach ar an 7ú agus an 8ú Feabhra 2024.

Cathaoirleach EMRA an Comhairleoir Kate Feeney agus Cathaoirleach AIR agus comhalta EMRA an Comhairleoir Dermot Lacey leis an Aire Jack Chambers

Ceardlann ORIGINN

Bhí cuairt staidéir tionscadail á reáchtáil ag EMRA, inar thug 16 ionadaí ó chomhpháirtithe an tionscadail cuairt ar an Lár Tíre le haghaidh imeacht trí lá ón 11ú go dtí an 13ú Meitheamh.

Comhpháirtithe Thionscadal ORIGINN ag tabhairt cuairte ar Pháirc Fionnachtana Loch na Buaraí in Uíbh Fhailí chun foghlaim faoin aistriú glas sa Lár Tíre.

Imeacht Bauhaus Eorpach Nua

I mí na Samhna, mar phointe teagmhála EUI, chomheagraigh EMRA imeacht forbartha acmhainne a dhírigh ar an Bauhaus Eorpach Nua (NEB) agus a bhí dírithe ar údaráis áitiúla na hÉireann

Rannpháirtithe ag imeacht forbartha acmhainne EUI ar NEB

30ú comóradh Choiste na Réigiún (CoR)

Chuaigh EMRA i gcomhar leis an IREO sa Bhruiséil chun 30 bliain Choiste na Réigiún (CoR) ar an bhfód a cheiliúradh, ag taispeáint táirgí Éireannacha agus gníomhaíochtaí an Tionóil Réigiúnaigh.

Seastán EMRA agus IREO ag comóradh 30 bliain CoR

Bhronn an Coimisiún Eorpach stádas "Gleann Nuálaíochta Réigiúnach" ar EMRA

Fuair EMRA, i gcomhar leis an SRA agus leis an NWRA, an t-ainmniú 'Ghleannta Nuálaíochta Réigiúnacha' ón gCoimisiún Eorpach, rud a aithníonn acmhainneacht na réigiún mar mhoil de nuálaíocht agus d'fhás eacnamaíoch.

Athbhrandáil EMRA

Críochnaíodh athdhearadh lógó brandála agus shuíomh gréasáin EMRA agus seoladh an suíomh gréasáin nua ag tús mhí Iúil. Rinneadh an suíomh gréasáin a nuashonrú go rialta le míreanna nuachta agus le faisnéis faoi ghlaonna oscailte ar thograí.



Cruinnithe Tionóil & Ballraíocht

Déanann na hÚdaráis Áitiúla comhpháirteacha sa réigiún Comhaltaí an Tionóil a ainmniú i gcomhréir le méid dhaonra an Údaráis Áitiúil. Ina theannta sin, bíonn Comhairleoirí atá ina gcomhaltaí de thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún ina gComhaltaí de facto den Tionól Réigiúnach.

I 2024, eagraíodh na toghcháin áitiúla, a bhí ar siúl ar an 7 Meitheamh. Chiallaigh sé seo gur tháinig deireadh le téarma an Tionóil agus nár tionóladh aon chruinniú den Tionól i mí an Mheithimh, ag fanacht le hainmniúcháin Chomhaltaí chuig an Tionól Réigiúnach ag na húdaráis áitiúla. Fuarthas ainmniúcháin ó na húdaráis áitiúla ag deireadh mhí an Mheithimh agus tús mhí Iúil agus shuigh an Tionól nua den chéad uair ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil i mí Iúil.

> *In 2024, eagraíodh na toghcháin áitiúla, a bhí ar siúl ar an 7 Meitheamh.*

COMHALTAS THIONÓL RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH 2024

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

Daryl Barron
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Emma Blain

Danny Byrne
Ceaptha mí Iúil 2024

Declan Flanagan
Ceaptha mí Iúil 2024

Alison Gilliland
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Deirdre Heney

Janet Horner
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Rory Hogan
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Vincent Jackson
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Feljin Jose
Ceaptha mí Iúil 2024

Dermot Lacey

Micheál Mac Donncha
Ceaptha mí Iúil 2024

Declan Meenagh
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Carolyn Moore
Ceaptha mí Dheireadh Fómhair 2024

Larry O'Toole
Go dtí mí an Mheithimh 2024

COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

JP Durkan
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Jim Gildea
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Kate Feeney
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Justin Moylan

Peter O'Brien
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Oisin O'Connor
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Una Power
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Barry Saul
Ceaptha mí Dheireadh Fómhair 2024

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Eimear Carbone Mangan
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Brigid Manton
Go dtí mí an Mheithimh 2024

David Healy

Robert O'Donoghue
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Tom O'Leary
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

COMHAIRLE CONTAE ÁTHA CLIATH THEAS

Laura Donaghy
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Lyn Hagin Meade
Go dtí mí an Mheithimh 2024

David McManus
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Pamela Kearns
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Shane Moynihan
Ceaptha mí an Mheithimh 2024 - Go dtí mí na Samhna 2024

Jacqueline Sheehy
Ceaptha mí na Nollag 2024

Joanna Tuffy
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

COMHALTAS THIONÓL RÉIGIÚN AN OIRTHIR 2024

COMHAIRLE CONTAE CHILL DARA

Aoife Breslin

Fintan Brett
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Kevin Duffy
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Padraig McEvoy

Robert Power

COMHAIRLE CONTAE LÚ

Paula Butterly
Go dtí mí na Samhna 2024

Emma Coffey

Conor Keelan
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Rachel Kerley
Ceaptha mí na Nollag 2024

COMHAIRLE CHONTAE NA MÍ

Mike Bray
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Joe Fox
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

David Gilroy

Paddy Meade
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Caroline O'Reilly
Go dtí mí an Mheithimh 2024

COMHAIRLE CHONTAE CHILL MHANTÁIN

Avril Cronin

Tom Fortune
D'éirigh sé as i mí an Mheithimh 2024

Patsy Glennon
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Gerry O'Neill
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Gerry Walsh
Go dtí mí an Mheithimh 2024

COMHALTAS THIONÓL RÉIGIÚN LÁR TÍRE 2024

COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

Caroline Dwane Stanley

Catherine Fitzgerald

John King
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Aisling Moran
Go dtí mí an Mheithimh 2024

COMHAIRLE CHONTAE AN LONGFOIRT

John Browne
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Mick Cahill
Ceaptha mí Aibreáin 2024

Colm Murray
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Garry Murtagh
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Paul Ross
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ

Eddie Fitzpatrick

Tony McCormack
Ceaptha mí an Mheithimh 2024 - Go dtí mí na Samhna 2024

Danny Owens
Go dtí mí an Mheithimh 2024

COMHAIRLE CHONTAE NA HIARMHÍ

Niall Gaffney
Ceaptha mí an Mheithimh 2024

Paddy Hill
Go dtí mí an Mheithimh 2024

Aengus O'Rourke

LÍON NA GCOMHALTAÍ IN AGHAIDH NA COMHAIRLE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024



LÍON NA GCOMHALTAÍ IN AGHAIDH AN PHÁIRTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024



SCEIDEAL CRUINNITHE 2024

JAN	FEB	MAR	AIB	BEAL	MEITH
12	09	08	12	10	Gan Chruinniú mar gheall ar Thoghcháin Ghinearálta

IÚIL	LÚN	CRUINNIÚ SPEISIALTA M.FÓMH	M.FÓMH	D.FÓMH	SAMH	NOLL
12	Gan ch ruinniú	04	13	11	08	13

Cruinnithe an Tionóil

Lean EMRA d'úsáid a bhaint as formáid hibrideach, rud a thug deis do chomhaltaí páirt a ghlacadh go pearsanta nó ar líne (i gcomhréir le IR Uimh. 446). San iomlán, tionóladh 11 chruinniú reachtúla in 2024. Ba é 67.76% an meánráta freastail i rith na bliana do chruinnithe.

Toghchán Cathaoirligh

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 12 Iúil 2024 agus toghadh an Comhairleoir Catherine Fitzgerald ina Cathaoirleach agus an Comhairleoir David Healy ina Leas-Chathaoirleach.

JAN 2024

An Comhairleoir Kate Feeney - *Cathaoirleach*

An Comhairleoir Catherine Fitzgerald - *Leas Chathaoirleach*

IÚIL 2024

An Comhairleoir Catherine Fitzgerald - *Cathaoirleach*

An Comhairleoir David Healy - *Leas Chathaoirleach*

COMHDHÁLACHA & OILIÚINT A BHFREASTÁLADH ORTHU IN 2024

SCOIL SAMHRAIDH MAC GILL, NA GLEANNTA

- Cllr Dermot Lacey
- Cllr Danny Byrne
- Cllr Mick Cahill

RÉIGIÚIN I BHFÓCAS - COMHLACHAS RÉIGIÚN NA HÉIREANN, LUIMNEACH

- Cllr Dermot Lacey
- Cllr Catherine Fitzgerald
- Cllr Gerry Walsh
- Cllr Eddie Fitzpatrick
- Cllr David Gilroy
- Cllr Kate Feeney
- Cllr Padraig Mc Evoy
- Cllr Lyn Hagin Meade
- Cllr Deirdre Heney
- Cllr Jim Gildea
- Cllr Aisling Moran
- Cllr Caroline Dwane Stanley

ENCORE, AN BHRUISÉIL

Cllr Joanna Tuffy Cllr David Gilroy

Cruinnithe & Ballraíocht Fochoistí

Coistí Limistéar Pleanála Straitéisí

Cuireann Coistí Limistéar Pleanála Straitéisí fóram ar fáil do chomhaltaí i ngach Limistéir Pleanála Straitéisí (SPA) faoi seach chun saincheisteanna a bhaineann leis an SPA sin a phlé. Sainmhínítear SPAnna ag Leibhéal NUTS 3. Níor tionóladh aon chruinnithe tiomnaithe in 2024 mar gheall ar na toghcháin áitiúla, agus ina ionad sin tugadh na Comhaltaí cothrom le dáta maidir le pleananna agus beartais ábhartha ag cruinnithe míosúla an Tionóil Réigiúnaigh.

An Clár Oibre Réigiúnach a Thiomáint

Maoirseacht agus Feidhmeanna an Tionóil

Is feidhm thábhachtach de chuid an Tionóil maoirseacht agus ailíniú beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil sa Réigiún a áirithiú. Áirítear leis seo comhsheasmhacht a áirithiú leis an RSES i bpleananna na n-údarás áitiúil agus i straitéisí, pleananna agus cláir chomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear Ranna Rialtais, agus príomh-gheallsealbhóirí.

Le linn 2024, eisíodh 28 aighneacht, agus eisíodh ocht gcinn de na haighneachtaí seo mar fheidhm reachtúil faoi Alt 27c den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú, agus eisíodh seacht n-aighneacht mar fheidhm reachtúil faoi Alt 66C den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (a cuireadh isteach le halt 44 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014), arna leasú.

Eisíodh ocht n-aighneacht a bhain le hathruithe beartaithe ar Phleananna Forbartha Contae agus Cathrach na nÚdarás Áitiúil. I ndáil leis seo, eisíodh aighneachtaí maidir le hAthrú Uimh. 5 de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028, Athrú Uimh. 2 de Phlean Forbartha Chontae Lú 2021-2027, Athruithe Uimh. 1, 2 agus 3 de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027, Athruithe Uimh. 2 agus 3 de Phlean Forbartha Chontae Chill Mhantáin 2022-2028, Athrú Uimh. 3 de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027 agus Athrú Uimh. 1 de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029.

Eisíodh naoi n-aighneacht neamhreachtúla maidir le comhairliúcháin ar an Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha don Phlean Comhpháirteach Ceantair Uirbeach do Bhaile Átha Luain, lena n-áirítear ceantar Fhearann na Manach agus Bhéal Átha na Muille; an Páipéar Saincheisteanna Réamh-Dhréachta do Phlean Comhpháirteach Ceantair Áitiúil Dhroichead Átha; Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Phort Laoise 2024-2030, Dréacht-Phlean Comhpháirteach Ceantair Áitiúil Mhaigh Nuad 2025 – 2031; Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan 2024-2030; Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile an Longfoirt 2025-2031; Dréacht-Phlean Comhpháirteach Ceantair Áitiúil Uirbeach Cheatharlach-Ghráig Uí Chuilinn 2024-2030; Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Chill Mhantáin-Ráth Naoi 2025, agus an Comhairliúchán Réamh-Dhréachta do Phlean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Bhré 2025.

Le linn 2024, eisíodh 28 aighneacht

Eisíodh seacht n-aighneacht a bhain le dréacht-Phleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail laistigh den Réigiún in 2024 mar fheidhm reachtúil faoi Alt 66C d'Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú maidir leis na dréacht-Phleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail do Fhine Gall, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cill Dara, an Iarmhí, Uíbh Fhailí, Baile Átha Cliath Theas agus Cathair Bhaile Átha Cliath. Eisíodh ráitis chomhsheasmhachta i ngach cás, faoi réir moltaí agus breathnóireachtaí.

Eisíodh aighneachtaí neamhreachtúla i ndáil le pleananna, cláir, straitéisí agus treoirlínte náisiúnta mar seo a leanas:

- Dréacht-Chéad Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF)
- Dréacht-Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe 2024
- Dréacht-Straitéis Náisiúnta um Bainistiú Éilimh Iompair 'Ag Bogadh le Chéile: Cur Chuige Straitéiseach chun Éifeachtúlacht Chóras Iompair na hÉireann a Fheabhsú agus a Phlean Cur Chun Feidhme
- Dréachtphlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce 2050

Bonn Eolais a Chur Faoi Cheapadh Beartais

In 2024, chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais, dhírigh an Tionól ar rannpháirtíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha leanúnacha le príomh-gheallsealbhóirí beartais agus cur chun feidhme.

Chun na críche seo, d'oibrigh an Tionól leis na geallsealbhóirí seo a leanas trí fhóraim thiomnaithe chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus faoi chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an RSES.

Fóram	Dáta	Lucht Freastail
Grúpa Scáthán Náisiúnta	Éagsúil	Anne-Marie Wood Wolfe
Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú	Éagsúil	Owen Douglas
Fóram Náisiúnta SEA	Éagsúil	Owen Douglas/Pádraig O'Shea
Fóram Náisiúnta AA	Éagsúil	Owen Douglas
Fóram Comhairleach Pleanála an Chreat Náisiúnta Pleanála	Éagsúil	Clare Bannon/Owen Douglas
Grúpa Stiúrtha Straitéise Náisiúnta um Bainistiú Éilimh Iompair	Éagsúil	Anne-Marie Wood Wolfe
Grúpa Náisiúnta um Chur i bhFeidhm S3	Éagsúil	Clare Bannon
Grúpa Maoirseachta an Achta um Phleanáil agus Forbairt	Éagsúil	Clare Bannon
Grúpa Ceannaireachta agus Foireann Seachadta Beartais Soghluaisteachta Inbhuanaithe	Éagsúil	Clare Bannon/ Anne-Marie Wood Wolfe
Grúpa Stiúrtha um Phleanáil Spásúil - Straitéisí Leictreachais In-athnuaite Réigiúnacha	Éagsúil	Anne-Marie Wood Wolfe
Grúpa Comhairleach um Chur i bhFeidhm Ár dTodhchaí Tuaithe	Éagsúil	Anne-Marie Wood Wolfe
Grúpa Comhairleach um Chriosanna Dícharbónaithe	Éagsúil	Owen Douglas
Cruinniú Ráithiúil na dTionól Réigiúnach le DHLGH	Éagsúil	Clare Bannon/Anne-Marie Wood Wolfe
Cruinniú Ráithiúil na dTionól Réigiúnach leis an aonad Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha, Maoinithe agus Bonneagair (REPFI) de chuid an DETE	Éagsúil	Clare Bannon/Anne-Marie Wood Wolfe
Grúpa Cur i bhFeidhm agus Forbartha an Bhithgheilleagair	26 Samhain 2024	Owen Douglas
Fóram Meastóireachta Pleananna OPR	Éagsúil	Anne-Marie Wood Wolfe/Owen Douglas
Grúpa Oibre don Chaibidil Rialtais Áitiúil de CAP 2025	Éagsúil	Owen Douglas
Plean Fiontraíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath	Éagsúil	Owen Douglas
Plean Fiontraíochta Réigiúnach Lár Tíre	Éagsúil	Anne-Marie Wood Wolfe
Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Lár-Oirthir	Éagsúil	Anne-Marie Wood Wolfe /Pádraig O'Shea
Grúpa Stiúrtha CARO Bhaile Átha Cliath	Éagsúil	Owen Douglas
Foireann Idirthréimhseach Réigiúnach Lár Tíre (MRTT)	Éagsúil	Terence Connolly

I rith 2024, d'fhorbair EMRA beartas agus taighde i réimsí a bhaineann leis an Tionól agus chuir sé leis an mbeartas agus leis an taighde, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cuspóirí leanúnacha an Rialtais, cur i bhfeidhm RSES a chur chun cinn, agus obair réamhullmhaithe chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú an RSES. Áiríodh ar na réimsí fócais do 2024; páipéir thaighde cúlra chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar an RSES; rannpháirtíocht leis an DECC maidir le forbairt treochláir chun Straitéis Leictreachais In-athnuaite Réigiúnach a sheachadadh faoin bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2023; an dara céim de Pathfinder 27, Luasaire Soghluaisteachta Cliste agus Inbhuanaithe, ina bhfuil ardán ar líne agus clár ceardlainne oiliúna, oideachais agus tógála acmhainne chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla tionscadail soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Tá sé seo mar chuid den Chlár Náisiúnta Pathfinder faoin bPlean Gníomhaíochta um Beartas Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe (SMP) 2022-2025.

Rinne EMRA comhordú leis an SRA agus leis an NWRA in 2024 maidir leis an athbhreithniú atá le teacht ar an RSES, agus béim á leagan ar riachtanais Bhille Pleanála agus Forbartha 2023 maidir leis an athbhreithniú ar an RSES, agus tosaíochtaí amach anseo don Réigiún.

Chinn an Rialtas Náisiúnta ar an 5 Márta 2024 foilsiú an dréacht-Chéad Athbhreithniú ar an NPF agus na measúnuithe teicniúla a ghabhann leis a chur siar go dtí mí an Mheithimh 2024 le haghaidh comhairliúcháin phoiblí, agus céim an leasaithe i mí Lúnasa 2024, agus bailchríoch an NPF athbhreithnithe a sceidealú do Mheán Fómhair 2024. Ina theannta sin, d'ullmhaigh an Tionól Réigiúnach aighneacht ar an dréacht-Chéad Athbhreithniú a ceadaíodh ag cruinniú speisialta den Tionól ar an 4 Meán Fómhair agus a raibh 70 moladh ann i ngach cuid den NPF.

Lean EMRA de bheith i dteagmháil leanúnach le príomh-gheallsealbhóirí ó Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre leis an OECD. Mar chuid dár rannpháirtíocht leanúnach, ghlac EMRA páirt sa chéad seimineár gréasáin den tsraith tionscadal dar teideal 'Ag Dul Gráinneach: Conas tarraingteacht réigiúnach a thomhas agus a fheabhsú le haghaidh forbartha cuimsitheach agus inbhuanaithe'. Cuireadh an RDM i láthair thar ceann na dtrí Thionól Réigiúnach. Ghlac EMRA páirt sa cheardlann dar teideal 'Conas a dhéanann Éire Forbairt Tuaithe Chomhtháite agus a Áirithíonn sí Rannpháirtíocht Saoránach' leis an OECD agus le ranna rialtais éagsúla lena n-áirítear an DRCD, DETE agus DoT.

Ghlac EMRA páirt in agallamh taighde do thionscadal an Choimisiúin Eorpaigh "Staidéar a thacaíonn le hullmhú na tuarascála ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht Threoir an SEA", arna choimisiúnú ag Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil ag an gCoimisiún Eorpach. Is é cuspóir an staidéir tacú leis an gCoimisiún agus é ag rianú dul chun cinn i gcur i bhfeidhm Threoir an MEA i rith na tréimhse 2015-2021.

Bhuail EMRA leis an bhfoireann Seachadta um Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe (SMP) i rith 2024 agus tugadh cothrom le dáta é maidir leis na gníomhartha faoin gClár SMP, lena n-áirítear nuashonruithe ar na 35 tionscadal faoin gClár Pathfinder. Tá EMRA i gceannas ar Pathfinder 27 (30 roimhe seo) agus é á sheachadadh aige do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre faoin gclár Pathfinder. Seoladh an tionscadal go hoifigiúil ar an 3 Bealtaine 2023, agus is clár ceardlainne oiliúna, oideachais agus tógála acmhainne atá ann chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla, Comhairleoirí agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí tionscadail soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Ón seoladh oifigiúil, tionóladh cruinniú ar an 23 Feabhra 2024 le Comhairleoirí BABLE, atá ag cuidiú le seachadadh an SSMA, maidir le fócas an SSMA do 2024. Tionóladh an chéad seisiún meantóireachta do Spriocghrúpa 1 i mí an Mhárta, agus tionóladh an dara cruinniú ar líne i mí an Mheithimh. D'fhreastail EMRA ar chruinniú ar an 19 Meitheamh 2024 chun tús a chur le hullmhú dhearadh chlár na ceardlainne do Spriocghrúpa 2. Reáchtáil EMRA ceardlann phearsanta in éineacht leis na Tionóil Réigiúnacha eile ar an 25 Meán Fómhair 2024.

> *I rith 2024, d'fhorbair EMRA beartas agus taighde i réimsí a bhaineann leis an Tionól agus chuir sé leis an mbeartas agus leis an taighde sin.*

Tionchar a imirt ar Bheartas Eorpach

Tá an Tionól, trína Chomhaltaí agus tríd an IREO, tar éis a rannpháirtíocht ar leibhéal an AE a shaothrú chun beartais Eorpacha a mhúnlú.

Todhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe

In 2024 cuireadh tús leis an ullmhúchán don chéad tréimhse clársceidealaithe Eorpach eile 2028-2032. Cé go bhfuiltear ag súil le tograí reachtacha don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) eile agus do chláir faoi lár 2025, tá tús curtha le comhráite chun iarracht a dhéanamh beartais Eorpacha amach anseo a mhúnlú, go háirithe beartas Comhtháthaithe i bhfianaise a ábharthachta móire don Réigiún. Tugadh cuireadh do EMRA páirt a ghlacadh san idirphlé náisiúnta ar thodhchaí an bheartais chomhtháthaithe arna eagrú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an NDP. Ghlac EMRA páirt in ullmhú comhairliúcháin phoiblí agus d'fhreagair siad an comhairliúchán poiblí maidir le todhchaí an bheartais chomhtháthaithe thar ceann an Tionóil.

D'fhreastail an Tionól freisin ar chomhdháil Thodhchaí Bheartas Comhtháthaithe an AE a tionóladh i mí Mheán Fómhair i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus ghlac sé páirt sna díospóireachtaí agus sna machnaimh faoi thodhchaí an bheartais. Chuir na freagraí comhairliúcháin agus imeachtaí na comhdhála araon leis an seasamh oifigiúil in Éirinn maidir le todhchaí an bheartais Chomhtháthaithe.

Tar éis cur i láthair ag cruinniú Tionóil mhí Iúil agus formheas na gComhaltaí, shínigh EMRA glao comhpháirteach Chomhghuaillíocht Chomhtháthaithe le haghaidh "Beartas Comhtháthaithe athnuaite tar éis 2027 nach bhfágann aon duine ar lár". Chomh maith leis sin, chomhordaigh an IREO páipéar seasaimh an Chomhthionóil maidir le todhchaí an bheartais chomhtháthaithe i ndiaidh 2027 a ghlac comhaltaí EMRA ag cruinniú mhí Mheán Fómhair agus a roinneadh le geallsealbhóirí ábhartha. Thug Stiúrthóir EMRA, mar aon le beirt Stiúrthóirí ó na Tionóil Réigiúnacha eile, cuairt ar an mBruiséil i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun bualadh le Feisirí Eorpacha na hÉireann agus comhairle a chur orthu maidir leis an ngá atá le cur chuige bunaithe ar áit i leith thodhchaí an bheartais chomhtháthaithe.

Tá ionadaíocht na hÉireann i bpáipéir sheasaimh cinntithe tuilleadh ag an IREO freisin i gcomhfhreagras le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, maidir le todhchaí an bheartais chomhtháthaithe agus leis an gCoimisinéir Fitto, an Coimisinéir um Beartas agus Athchóiriú Comhtháthaithe. D'eagraigh an IREO go mbeadh an Tionól Réigiúnach páirteach i seimineár i bParlaimint na hEorpa agus ghlac ionadaithe Éireannacha páirt i gcruinnithe le triúr Coimisinéirí Eorpacha: Piotr Serafin, Raffaele Fitto agus Roxana Minzatu.

I mí an Mheithimh 2024, bhuail an tAire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha, Jennifer Carroll MacNeill, le Toscaireacht na hÉireann chuig CoR i bhFoirgnimh an Rialtais. Baineadh úsáid as an gcruinniú leis an Aire chun aird a tharraingt ar obair na Toscaireachta le cúig bliana anuas agus chun plé a dhéanamh ar an sainordú nua do Choiste na Réigiún. Chomh maith leis sin, thug baill den Toscaireacht eolas don Aire faoin straitéis don IREO agus don tSeirbhís Tacaíochta Rialtais Áitiúil AE. Dheimhnigh an tAire don Toscaireacht go dtacaíonn sí lena gcuid oibre agus go bhfuil tábhacht ag baint le rannpháirtíocht an rialtais áitiúil i gcinnteoireacht an AE trí Choiste na Réigiún.

Tá cruinnithe eagraithe ag an IREO do na trí Thionól Réigiúnacha chun bualadh le Feisirí Eorpacha na hÉireann, ag leagann béime ar a ról mar Údaráis Bhainistíochta ar chláir mhaoinithe CFRE agus JTF. Bhí cruinnithe rialta ag an IREO le Buanionadaíocht na hÉireann chun fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí beartais an AE agus tá plé áirithe le húdaráis áitiúla agus le tionóil réigiúnacha na hÉireann.

Acmhainn, líonraí agus comhpháirtíochtaí a thógáil

Lean an IREO de bheith ag bualadh le raon eagraíochtaí sa Bhruiséil chun obair réigiúin na hÉireann a chur chun cinn. Tá an IREO ag obair le Líonra na bPríomhchathracha agus Réigiún (CCRN) agus tá sé mar aidhm aige a áirithiú go gcuirtear tuairimí Chathracha agus Réigiún na hÉireann i láthair institiúidí an AE, go háirithe maidir le beartas réigiúnach.

I mí an Mhárta 2024, chuaigh an IREO isteach sa líonra EURegions4Cohesion, a dhéanann ionadaíocht ar bhreis is 130 réigiún ar fud na hEorpa. Tá an grúpa ag iarraidh guthanna réigiúnacha a chosaint i dtodhchaí bheartas comhtháthaithe an AE.

Cuireann an IREO comhairle ar údaráis áitiúla go rialta maidir leis na cineálacha agus na foirmeacha líonraí a chabhródh le tuiscint a fháil ar bheartas agus ar chláir mhaoinithe an AE, chomh maith le cuidiú le comhpháirtíochtaí a thógáil.

Buaileann an IREO le comhghleacaithe ó ar fud na Ríochta Aontaithe trí fhreastal ar imeachtaí rialta le hoifigí na Breataine Bige, na hAlban agus Thuaisceart Éireann. Déantar é seo chun a áirithiú go bhfuil cumarsáid leanúnach agus iniúchadh ann maidir le haon deiseanna comhoibrithe féideartha le húdaráis áitiúla agus le geallsealbhóirí eile sa Ríocht Aontaithe.

Le linn 2024, d'oibrigh an IREO le Coiste na Réigiún chun clár na bPolaiteoirí Óga Tofa (YEP) a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Is líonra polaiteoirí é an clár seo nach bhfuil níos sine ná 40 bliain d'aois agus a bhfuil sainordú acu ar leibhéal réigiúnach nó áitiúil san AE. Foilsítear glao ar iarratais gach bliain chun páirt a ghlacadh sa chlár agus bíonn an deis ag YEPanna teagmháil a dhéanamh le polaiteoirí óga eile tríd an bPobal YEP, freastal ar oiliúint ar thopaicí AE, agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a eagraíonn CoR.

ENCORE

In 2024, lean EMRA de bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a d'eagraigh líonra ENCORE atá i gcomhréir le tosaíochtaí réigiúnacha. I mí Dheireadh Fómhair, rinne na Comhairleoirí Joanna Tuffy agus David Gilroy ionadaíocht ar an Tionól ag plé comhchéime ar an dlí um athchóiriú an dúlra agus ar a thionchar ar Réigiúin na hEorpa. Tháinig deireadh leis an gcruinniú le formhuiniú páipéir seasaimh ar bhithéagsúlacht agus ar an Dlí um Athchóiriú an Dúlra.

> *In 2024, lean EMRA de bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a d'eagraigh líonra ENCORE atá i gcomhréir le tosaíochtaí réigiúnacha.*

Coiste na Réigiún

European Committee of the Regions

Is é an IREO rúnaíocht thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún agus comhordaíonn sí obair chomhaltaí na toscaireachta náisiúnta chuig Coiste na Réigiún (CoR).

Is é CoR tionól ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha an Aontais Eorpaigh, agus tá 329 comhalta ó 27 Ballstát an AE ann, agus toghadh go daonlathach iad uile agus/nó tá sainordú polaitiúil acu ina dtír dhúchais. Is é ról Choiste na Réigiún bonn eolais a chur faoi fhorbairt reachtaíocht an AE agus faoi bheartais Eorpacha amach anseo trí ionchur na ndaoine is dlúithe a dhéanann ionadaíocht ar phobail, agus béim á leagan ar na réimsí beartais agus na tograí AE sin a mbíonn an tionchar is mó acu ar réigiúin agus ar chathracha.

Cuireann CoR a thuairimí i láthair den chuid is mó trí thuairimí nó rúin i scríbhinn, a fhorbraítear i gceann amháin de shé choimisiún théamacha a chlúdaíonn na réimsí beartais seo a leanas:

- Saoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúideacha agus Seachtracha (CIVEX);
- Beartas Comhtháthaithe Críche agus Buiséad an AE (COTER);
- Beartas Eacnamaíoch (ECON);
- An Comhshaol, an tAthrú Aeráide agus Fuinneamh (ENVE);
- Acmhainní Nádúrtha (NAT);
- Beartas Sóisialta, Oideachas, Fostaíocht, Taighde agus Cultúr (SEDEC).

De ghnáth, bíonn cruinniú ag gach Coimisiún cúig huaire i rith na bliana chun na tuairimí a ullmhú lena nglacadh ag na 5-6 sheisiún iomlánach bliantúla. Freastalaíonn Coimisinéirí, Airí Uachtaránachta agus Feisirí Eorpacha go rialta ar chruinnithe CoR, agus bíonn malartú leanúnach ann idir na hinstitiúidí ar shaincheisteanna beartais.

Toscaireacht na hÉireann - Ionadaithe Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

Tá Toscaireacht na hÉireann chuig an gCoiste Réigiún comhdhéanta de naonúr Comhaltaí Lánaimseartha agus de naonúr Comhaltaí Malartacha.

Seo thíos liosta d'ionadaithe CoR do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre do 2020-2025.

Comhaltaí Iomlána	Comhairle
An Comhairleoir Kate Feeney*	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
An Comhairleoir Aoife Breslin	Comhairle Contae Chill Dara
An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley	Comhairle Contae Laoise
An Comhairleoir Una Power*	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
An Comhairleoir Mick Cahill#	Comhairle Contae Longfoirt
An Comhairleoir Carolyn Moore^	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Comhaltaí Ionaid	Comhairle
Emma Blain	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Alison Gilliland*	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Padraig McEvoy	Comhairle Contae Chill Dara

**D'éirigh sí as CoR ar an 12 Iúil 2024; #Ainmnithe i mí Aibreáin 2024; ^Ainmnithe i mí na Samhna 2024*

Oibreacha Reachtaíochta

Lean Feisirí Éireannacha de thuairimí a chur i láthair agus tionchar a dhéanamh i gCoiste na Réigiún.

San iomlán, glacadh le trí thuairim ó Chomhaltaí Éireannacha in 2024:

01. Pacáiste Faoisimh FBManna agus togra BEFIT - An Comhairleoir Kate Feeney
02. Creat AE maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Eachtraí - An Comhairleoir Michael Murphy
03. Aghaidh a thabhairt ar Neamhionannais Chríche trí Rochtain ar Sheirbhísí Sóisialta a Fheabhsú - An Comhairleoir Declan McDonnell

01.

Pacáiste Faoisimh FBManna agus togra BEFIT

An Comhairleoir Kate Feeney

I mí Feabhra 2024 glacadh le tuairim an Chomhairleora Kate Feeney *"Pacáiste Faoisimh FBManna agus togra BEFIT".*

Le linn a cur i láthair, mhol an Comhairleoir Feeney don Eoraip glacadh leis an bhfealsúnacht *"smaoinigh ar bheagáin ar dtús"* atá ina cuid dá tuairim.

02.

Creat AE maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Eachtraí

An Comhairleoir Michael Murphy

I mí na Samhna 2024, glacadh le tuairim an Chomhairleora Michael Murphy *"Creat AE maidir le Scagadh Infheistíochtaí Dírí Eachtraí"* d'aonghuth ag an gcruinniú iomlánach.

Tugadh faoi deara sa tuairim an bhagairt a bhaineann le teannas geopolaitiúil atá ag méadú agus bagairtí slándála ar bhonneagar ríthábhachtach an AE agus, dá bharr sin, an tábhacht a bhaineann le rialacháin maidir le scagadh infheistíochta chun earnálacha riachtanacha amhail fuinneamh, cúram sláinte, soláthar bia agus líonraí faisnéise a chosaint. Go ríthábhachtach, áitíodh sa tuairim chun na hearnálacha seo a chosaint ar an mbealach is fearr, go gcaithfidh an AE údaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith páirteach.

03.

Aghaidh a thabhairt ar Neamhionannais Chríche trí Rochtain ar Sheirbhísí Sóisialta a Fheabhsú

An Comhairleoir Declan McDonnell

Chomh maith leis sin i mí na Samhna 2024, glacadh le tuairim an Chomhairleora Declan McDonnell, *"Aghaidh a thabhairt ar Neamhionannais Chríche trí Rochtain ar Sheirbhísí Sóisialta a Fheabhsú",* ag an gcruinniú iomlánach.

Leagann an tuairim béim ar an ról ríthábhachtach atá ag údaráis áitiúla maidir le rochtain chomhionann ar sheirbhísí sóisialta a áirithiú, in ainneoin dúshlán amhail bonneagar neamhleor, easpa gairmithe cáilithe agus srianta airgeadais, go háirithe i gceantair iargúlta.

Lean an Toscaireacht de bheith ina nasc lárnach idir an Coiste agus Ionadaíocht na hÉireann. Chomh maith leis sin, bhí cruinnithe ag an Toscaireacht le Feisirí Eorpacha na hÉireann chomh maith le hionadaithe Choimisiún na hÉireann chun riachtanais rialtas áitiúil na hÉireann a chur in iúl ar stáitse an AE. Lean an Toscaireacht, le cúnamh ón IREO, de bheith ag breathnú ar na comhaid bheartais ábhartha uile agus rinne sí idirghabhálacha, trí leasuithe chomh maith le hidirghabhálacha ón gcoimisiún agus ón suí iomlánach.

Forbhreathnú ar obair Choiste na Réigiún in 2024

In 2024, ghlac Coiste Eorpach na Réigiún (CoR) 53 tuairim agus ceithre rún, beagán níos lú ná i mblianta roimhe sin ach níos mó ná mar a bhí in 2019 - bliain inchomparáide i dtimthriall idirinstitiúideach an AE. Buaicphointe mór ab ea an 10ú Cruinniú Mullaigh Eorpach na Réigiún agus na gCathracha in Mons, áit ar tugadh na mílte ceannaire áitiúla agus réigiúnacha le chéile chun todhchaí na hEorpa a mhúnlú agus chun tionchar a imirt ar Chlár Oibre Straitéiseach an AE agus ar Threoirlínte Polaitiúla an AE. Leagadh béim sa chruinniú mullaigh ar an ról ríthábhachtach atá ag rialachas áitiúil i gcomhtháthú agus i gceapadh beartais an AE, agus mheall sé 7,500 rannpháirtí ar líne agus ar an láthair, an líon is mó riamh.

Chuir Coiste na Réigiún a thosaíocht pholaitiúil chun cinn maidir leis an Eoraip a thabhairt níos gaire dá saoránaigh trí roinnt tionscnamh. Ba éacht tábhachtach é an meabhrán tuisceana le Parlaimint na hEorpa chun tacú le rannpháirtíocht dhaonlathach le linn thoghcháin na hEorpa, a bhí ar siúl ag an am céanna le toghcháin áitiúla iomadúla ar fud na mBallstát. Bhí tionchar ag ionchur Choiste na Réigiún ar thiomantas an Choimisiúin Eorpaigh do rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil, agus tugadh aitheantas i dtuarascálacha móra institiúideacha dá abhcóideacht maidir le tionchar críche, beartas scileanna, agus rialáil níos fearr. Is suntasach an rud é gur cloch mhíle i gcomhar institiúideach é cumasc a líonra comhairleoirí le tionscnamh áitiúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Maidir le pobail áitiúla agus réigiúnacha athléimneacha a thógáil, bhí ról idirnáisiúnta suntasach ag CoR, go háirithe i mbeartas aeráide agus bithéagsúlachta trí COP29 agus COP16. Chuidigh a sheasaimh le conclúidí na Comhairle agus straitéisí AE a mhúnlú, agus bhí tionchar acu freisin ar ainmniú punann nua Coimisinéara Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar thithíocht, ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Thug a abhcóideacht fhadtréimhseach ar uisce agus ar bheartas fioscach toradh le ceapacháin nua agus athruithe ar rialacha airgeadais, rud a chuir feabhas ar acmhainn infheistíochta ar an leibhéal áitiúil.

Bhí an beartas comhtháthaithe fós ina phríomhfhócas. Chuir CoR go mór le múnlú na díospóireachta ar chomhtháthú tar éis 2027, lena n-áirítear trí thuairimí tábhachtacha agus rannpháirtíocht i gcruinnithe institiúideacha ardleibhéil. Glacadh lena mholtaí i roinnt conclúidí ón gComhairle a bhaineann le hathrú déimeagrafach, seirbhísí sóisialta agus an Comhbheartas Iascaigh.

Ar deireadh, mhéadaigh iarrachtaí cumarsáide in 2024 próifíl CoR go suntasach, le breis is 17,600 trácht sna meáin—an líon is airde ó bhí 2017 ann. Léiríonn na torthaí cumarsáide seo an t-aitheantas méadaitheach atá á thabhairt do ranníocaíochtaí Choiste na Réigiún maidir le beartas an AE a thiomáint ón tús agus institiúidí Eorpacha a nascadh le réaltachtaí áitiúla.

> *In 2024, lean EMRA de bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a d'eagraigh líonra ENCORE atá i gcomhréir le tosaíochtaí réigiúnacha.*

Tionchar nithiúil a sheachadadh ar an talamh



Cur i bhfeidhm RSES

Cúrsaí Cur i bhFeidhm RSES agus MASP

Chomhoibrigh EMRA leis na geallsealbhóirí seo a leanas chun cur i bhfeidhm RSES agus MASP a chur chun cinn:

- Tionól Réigiúnach an Deiscirt i ndáil leis an gConair Eacnamaíoch Thoir.
- Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le plé a dhéanamh ar threo Dhréacht-phlean Ceantair Áitiúil Shean-Chonnacht agus ailíniú le cuspóirí an RSES agus an MASP.
- Oifig an Rialtóra Pleanála i ndáil leis an bPáipéar Saincheisteanna Straitéiseacha ar Phlean Comhpháirteach Limistéir Uirbeach Bhaile Átha Luain agus ailíniú le cuspóirí an RSES.
- Aeráid-KIC/DAFM/DECC.
- DETE i ndáil leis an iarratas ar stádas Ghleannta Nuálaíochta Réigiúnacha.
- Ceardlann um Aithint agus Tosaíocht a thabhairt do Dheiseanna Bithgheilleagair Chiorclaigh na nÚdarás Réigiúnach agus Áitiúil.
- Ceardlann ar Thráscairí Príomhfheidhmíochta um Rannpháirtíocht an Phobail SEA agus Éifeachtúlacht SEA, faoi stiúir UCD, agus maoinithe ag EPA/OPR.
- Comhordaitheoir Phlean Fiontraíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath (REP), Ceannaire Grúpa do Chuspóir Straitéiseach 2 de REP agus IBEC i ndáil le cur i bhfeidhm REP.
- Geallsealbhóir Réigiúnach le haghaidh ullmhú Straitéis IDA 2025-2030.
- Cruinniú comhairliúcháin geallsealbhóirí le hIarnród Éireann maidir le críochfoirt lasta iarnróid.
- Tá DECC chun bonn eolais a chur faoi ullmhú Threochlár Straitéise Réigiúnaí um Leictreachas In-athnuaite (RRES).
- Fiontraíocht Éireann i ndáil le Scéim Nuálaíochta Fiontraíochta na Réigiún Cliste.
- Oifig Réigiúnach um Ghníomhú Aeráide an Oirthir agus Lár Tíre (EMR CARO)
- An Seanadóir John Cummins i ndáil leis an mBille Pleanála agus Forbartha 2023.
- Comhaltaí den Fhóram Comhairleach Pleanála i ndáil le haighneacht ar an Dréacht-Chéad Athbhreithniú den NPF.
- SRA, NWRA agus Sainchomhairleoirí Bable chun tionscadal SSMA a chur chun cinn.
- Grúpa geallsealbhóirí ECOS sa todhchaí.
- Oifigeach comhpháirtíochta Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste chun deiseanna ailínithe/maoinithe AE a fhiosrú.

Monatóir Forbartha Réigiúnaí (RDM)

Arna fhorbairt ag na Tionóil Réigiúnacha, faoi stiúir EMRA, i gcomhar le Réadlann Taighde Uile-Éireann (AIRO) in Ollscoil Mhá Nuad agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) tríd an ardán GeoHive, is uirlis náisiúnta mapála agus amharcléirithe é an Monatóir Forbartha Réigiúnaí (RDM) le raon painéil anailísíochta, atá deartha chun ár dtuiscint ar phríomhthreochtaí sochaíocha in Éirinn a fheabhsú chun cabhrú le cinnteoireacht níos fearr. Is uirlis ríthábhachtach í an RDM a úsáideann na Tionóil Réigiúnacha chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht gach ceann de na trí réigiún maidir le cuspóirí atá leagtha amach ina Straitéisí Réigiúnacha Eacnamaíocha agus Spásúla faoi seach a bhaint amach. Chomh maith leis sin, tá an RDM ag cuidiú le Ranna Rialtais, údaráis áitiúla, pleanálaithe, lucht déanta beartas, taighdeoirí, comhaltaí tofa agus baill den phobal léargas níos fearr a fháil ar threochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil chun cabhrú le cinnteoireacht níos fearr a bhaint amach. Seoladh an RDM i mí na Samhna 2022.

In 2024, comhaontaíodh trí iarscríbhinn bhreise leis an RDM le AIRO agus leanadh leis an obair ar sheachadadh na n-iarscríbhinní céanna. Baineann an chéad iarscríbhinn le deais nua Straitéise Speisialtóireachta Cliste (S3) a chur leis an RDM chun cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar an S3 Náisiúnta, agus na táscairí agus na méadrachtaí riachtanacha le comhaontú i gcomhar leis an DETE. Baineann an dara hiarscríbhinn le forbairt Amharcóir Mapála Daonáirimh Náisiúnta, a chuirfidh foirm dhifriúil cur i láthair amhairc ar na sonraí ar fáil ar an RDM agus a áireofar níos mó táscairí leis. Baineann an tríú hiarscríbhinn le forbairt agus seachadadh lámhleabhar oiliúna RDM agus sraith ceardlann oiliúna RDM do bhaill foirne údarás áitiúil, do chomhaltaí tofa agus do ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Bhí cruinnithe éagsúla ag EMRA le AIRO maidir leis na trí iarscríbhinn bhreise agus cuireadh síneadh leis an gconradh RDM atá ann cheana idir na Tionóil Réigiúnacha agus AIRO go dtí an 31 Nollaig 2026. D'eagraigh EMRA agus AIRO ceardlann le feidhmeannaigh na dTionól Réigiúnach eile chun leagan oibre den Atlas Daonáirimh a chur i láthair, agus tionóladh cruinnithe éagsúla le DETE i ndáil le forbairt Phainéal S3. Tionóladh cruinnithe éagsúla le AIRO freisin maidir le sceideal nuashonraithe, straitéis chumarsáide atá beartaithe agus buiséad RDM do 2025.

> *Is uirlis ríthábhachtach í an RDM a úsáideann na Tionóil Réigiúnacha chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht gach ceann de na trí réigiún maidir le cuspóirí atá leagtha amach ina Straitéisí Réigiúnacha Eacnamaíocha agus Spásúla faoi seach a bhaint amach.*



Rannpháirtíocht i dtionscadail

Tá EMRA páirteach i dtionscadail atá maoinithe go seachtrach le raon leathan comhpháirtithe Éireannacha agus Eorpacha. Cuireann na tionscadail sin ar ár gcumas ár dtionscnaimh rathúla a thaispeáint agus foghlaim ó na dea-chleachtais atá ag ár gcomhpháirtithe, rud a chuireann ar ár gcumas dá réir sin torthaí nithiúla a bhaint amach dár Réigiún.

In 2024, ghlac EMRA ról gníomhach sa tionscadal seo a leanas:

ORIGINN

Is tionscadal Interreg Europe é ORIGINN atá dírithe ar bheartas réigiúnach a neartú chun claochlú eacnamaíoch agus sóisialta tuaithe a chur chun cinn trí nuálaíocht, agus béim á leagan ar an earnáil agraibhia.

Tá EMRA ar cheann de sheacht gcomhpháirtí ó ar fud na hEorpa (ón tSualainn, ón Rómáin, ón Eastóin, ón Iodáil, ón tSlóvaic agus ón Spáinn) atá páirteach sa tionscadal malartaithe eolais seo. Cuirfidh an tionscnamh seo le haghaidh comhair idir-réigiúnach bonn eolais faoi fheabhsuithe beartais sna húdaráis réigiúnacha rannpháirteacha. Is é fócas geografach an tionscadail contaetha lár tíre Longfoirt, na hIarmhí, Uíbh Fhailí, agus Laoise, agus tá samplaí geallta nuálaíochta ar fud an gheilleagair thuaithe le feiceáil iontu uile. Ar siúl ó mhí an Mhárta 2023 go mí na Bealtaine 2027, díríonn tionscadal ORIGINN ar cheithre réimse fócais; Digitiú, Geilleagar Glas, Nuálaíocht Bhog, agus Nuálaíocht Shóisialta. Ag tús an tionscadail, shainaithin an Tionól Réigiúnach príomhdhúshláin ar cheart d'ORIGINN aghaidh a thabhairt orthu: laghdú daonra, go háirithe i measc daoine óga; daoine ag fágáil earnáil an agraibhia; luach a chur leis a fhanann i bpobail áitiúla; agus íomhá ghlan, ghlas cheantar tuaithe na hÉireann a chothabháil agus a fhás.

In 2024, dhírigh an tionscadal ar Dhigitiú, ar an nGeilleagar Glas agus ar Nuálaíocht Shóisialta. Eagraíodh dhá sheimineár gréasáin, inar chuir gach ceann de na comhpháirtithe tionscadail Dea-Chleachtais i láthair a thacaíonn le Digitiú agus leis an nGeilleagar Glas. D'fhreastail mórán geallsealbhóirí ar na seimineáir ghréasáin seo ar fud na seacht réigiún Eorpacha rannpháirteacha d'fhonn eolas agus taithí a roinnt ar nuálaíocht a thiomáineann forbairt tuaithe. Rinneadh trí chuairt staidéir i rith na bliana freisin, agus bhuail comhpháirtithe an tionscadail le chéile san Eastóin, in Éirinn agus sa Rómáin. Is é cuspóir na gcuairteanna seo go bhfoghlaimeoidh comhpháirtithe faoi chleachtais nuálacha i réigiúin a chéile agus na ceachtanna seo a thabhairt abhaile chun bonn eolais a chur faoina mbeartais féin. Le linn sheal EMRA chun an chuairt staidéir a óstáil i mí an Mheithimh, cuireadh nuálaíochtaí geallta ar fud réigiún na Lár Tíre i láthair, lena n-áirítear tairiscint turasóireachta glas Pháirc Fionnachtana Loch na Buaraí, agus rath Feirm agus Grúdlann Bhaile Chill Chabháin maidir lena feirm theaghlaigh a éagsúlú agus gnó deochanna rathúil agus inbhuanaithe a fhorbairt. Cé gur gné lárnach de ORIGINN é foghlaim ónár gcomhpháirtithe Eorpacha, is deis í páirt a ghlacadh sa tionscadal freisin foghlaim faoi fhorbairtí nuálacha inár réigiún féin agus dul i ngleic le gníomhaithe áitiúla atá ag tiomáint na n-aistrithe glasa agus digiteacha, ag neartú struchtúr sóisialta an réigiúin agus ag cur luach lenár ngeilleagar tuaithe. I rith na bliana, foilsíodh dhá Dhea-Chleachtas ónár réigiún ar Ardán Foghlama Beartais Interreg: an Monatóir Forbartha Réigiúnaí, ar uirlis nuálach í le haghaidh forbairt agus meastóireacht beartais trí shonraí a léirshamhlú; agus ACORNS (Accelerating the Creation of Rural Nascent Start-ups), clár oiliúna agus meantóireachta chun tacú le fiontraíocht na mban i gceantair thuaithe.

Ceannaireacht i seachadadh cistí AE

Ciste AE um Aistriú Cóir

In 2024, tá dul chun cinn mór déanta ag Clár Chiste AE um Aistriú Cóir maidir leis an gciste a chur i bhfeidhm. Reáchtáladh trí ghlao déag ar mhaoiniú (lena n-áirítear trí cinn trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha) i rith na bliana agus fógraíodh roghnú 70 oibríocht, arb ionann iad agus EUR 83,477,253 san iomlán (thart ar leathchuid an chiste) a leithdháileadh ar na trí thosaíocht. Áirítear leis na hoibríochtaí seo, i measc nithe eile, tionscadail turasóireachta athghiniúna faoi stiúir na n-údarás áitiúil, gníomhaireachtaí stáit agus gnólachtaí turasóireachta (FBManna), 32 tionscadal atá ailínithe le Pleananna Eacnamaíocha agus Pobail Áitiúla agus Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha, dhá thionscadal a thacaíonn le forbairt bithgheilleagair sa Chríoch, agus tionscadal mór athchóirithe tailte fliucha a chuireann rannpháirtíocht ghníomhach an phobail chun cinn sa phróiseas athchóirithe.

Liosta glaonna a seoladh in 2024

Beart	Ainm an ghlao	Dáta
1.1	Scéim Deontais Infheistíochta do FBManna Príobháideacha & Pobail	Beidh léirithe spéise oscailte idir an 30 Lúnasa 2023 agus an 30 Meitheamh 2024 agus ní mór iarratais fhoirmiúla a bheith istigh faoin 13 Eanáir 2025.
1.1	Scéim Deontais Infheistíochta do Chomhpháirtithe Straitéiseacha – Gníomhaireachtaí Stáit	Glao rollach le Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí
1.1	Scéim Deontais Infheistíochta do Chomhpháirtithe Straitéiseacha – Údaráis Áitiúla	Glao rollach le Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí
1.1	Clár Líonra Foghlama Turasóireachta	11 Eanáir 2024 – 28 Feabhra 2024
1.1	Scéim Gníomhachtaithe Turasóireachta	Dátaí rollacha
1.1	Clár Líonra Foghlama Turasóireachta (an dara hIontráil)	13 Meán Fómhair 2024 – 17 Deireadh Fómhair 2024
1.1	Scéim Deontais Infheistíochta do FBManna Príobháideacha & Pobail	30 Lúnasa 2023 – 13 Eanáir 2025
1.2	Scéim Tacaíochta Straitéisí Eacnamaíocha Áitiúla agus Réigiúnacha	13 Deireadh Fómhair 2023 – 23 Eanáir 2024
1.2	Scéim Deontas Pobail agus Fiontair	12 Eanáir 2024 – 28 Feabhra 2024
1.2	Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail	19 Lúnasa 2024 – 30 Meán Fómhair 2024
2.1	Léirithe Spéise Athchóirithe Bogach an Tóchair	27 Meán Fómhair 2024 – 31 Deireadh Fómhair 2024
2.3	Scéim Forbartha Líonra Conairí	Glao rollach le Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí
3.2	Scéim Chabhrach d'Oibreoirí Busanna	15 Deireadh Fómhair 2024 – 31 Eanáir 2025

Mar léiriú breise ar an gcéim nua seo, seoladh roinnt tionscadal le linn 2024 amhail an tionscadal 'ReShape', a maoiníodh faoi ghníomh 1.2 agus a sheol an tAire Pippa Hackett in TUS Bhaile Átha Luain, agus an Tionscadal 'Conair Phlean Fiontraíochta Réigiúnach Lár Tíre um Aistriú Cóir' a sheol an tAire Eamon Ryan i bPort Laoise.

I rith na bliana, d'oibrigh EMRA go dlúth le comhpháirtithe seachadta chun Clár EUJTF a chur i bhfeidhm. Leanamar de chruinnithe rialta coicísiúla leis na príomh-gheallsealbhóirí uile a éascú, chomh maith le cruinnithe seachtainiúla leis an DECC, cruinnithe míosúla leis an Údarás Iniúchóireachta, agus cruinnithe démhíosúla leis an gCoimisiún Eorpach.

I measc na bpríomhghnóthachtálacha do 2024 tá:

- Tionóladh dhá chruinniú den Choiste Faireacháin Clár, i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna
- Cuireadh sonraí chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Eanáir, mí Aibreáin, mí Iúil agus mí Mheán Fómhair; cuireadh Réamhaisnéis na nÍocaíochtaí chuig an gCoimisiún Eorpach i mí Iúil (de réir an rialacháin); uaslódáladh liosta na dtairbhithe chuig suíomh gréasáin an Údaráis Bainistíochta i mí Iúil, mí Meán Fómhair agus mí na Samhna (de réir an rialacháin)
- D'ainmnigh an tÚdarás Bainistíochta agus an Ballstát trí thionscadal arna maoiniú ag clár JTF an AE mar Oibríochtaí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach ag baint leo (OSI), bunaithe ar phróiseas ainmniúcháin arna fhorbairt go sonrach ag an Údarás Bainistíochta.
- Rinneadh Iniúchtaí Luatha ar Chórais Choisctheacha in 2024, lena n-áirítear iniúchtaí córas ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an Údarás Iniúchóireachta (AA) araon:
  - *rinne an Coimisiún Eorpach Iniúchadh EPSA ar an láthair ar EMRA, Fáilte Éireann, Pobal agus DAFM*
  - *rinne an tÚdarás Iniúchóireachta EPSA ar an láthair ar an Roinn Iompair*
- D'eagraigh EMRA, mar Údarás Bainistíochta, 10 seisiún oiliúna saincheaptha a bhí dírithe ar an Údarás Bainistíochta féin, ar Chomhlachtaí Idirmheánacha agus/nó ar thairbhithe ar thopaicí amhail cúnamh stáit, próiseas meastóireachta, cosc calaoise agus dlí soláthair
- Ag cur leis an mbailiúchán fairsing ábhar oiliúna agus chun athléimneacht a sholáthar don fhorbairt acmhainne laistigh dár gcomhpháirtithe seachadta, d'fhorbair EMRA "Mol Eolais" cuimsitheach do Chiste AE um Aistriú Cóir. Comhdhlúthaíonn an suíomh cumarsáide SharePoint seo an fhaisnéis ó na seisiúin oiliúna saincheaptha agus ó réimse acmhainní eile chomh maith le léargais agus ceisteanna ó chomhpháirtithe seachadta.
- Chuir an tÚdarás Bainistíochta tús le hobair ar an Athbhreithniú Meántéarmach atá le críochnú in 2025 freisin.

Cumarsáid agus poiblíocht

In 2024, tá na gníomhaíochtaí cumarsáide tar éis bogadh idir dhá chéim chumarsáide: ag tús 2024, tá na gníomhaíochtaí cumarsáide dírithe ar ghlaonna ar mhaoiniú agus ar dheiseanna chun páirt a ghlacadh a phoibliú sula mbogtar ar aghaidh go dtí an dara céim den straitéis chumarsáide a dhíríonn níos mó ar roghnú tionscadal maoinithe agus ar phoibliú na hoibre atá á déanamh ag na oibríochtaí sin / a dhéanfaidh na hoibríochtaí sin.

Le hathdhearadh shuíomh gréasáin EMRA tá sé i bhfad níos éifeachtaí anois cumarsáid a dhéanamh faoi chlár JTF an AE. Tá cuid tiomnaithe den suíomh gréasáin cruthaithe chun faisnéis faoin gclár a óstáil, lena n-áirítear faisnéis a chuirfear ar fáil de réir an rialacháin.

Seo a leanas príomhghnéithe breise ghníomhaíochtaí cumarsáide JTF an AE:

- Feachtas Caidreamh Poiblí DG Regio – Tá an tÚdarás Bainistíochta ag obair go dlúth le DG Regio sa Choimisiún Eorpach agus a gcomhairleoirí caidreamh poiblí áitiúla roghnaithe chun feachtas caidreamh poiblí a chruthú agus a reáchtáil in Éirinn faoin méid atá á thacú ag clár JTF an AE. Bhí an feachtas ar siúl ó dheireadh mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí na Nollag agus áiríodh leis rannpháirtíocht le tionchairí meán sóisialta, fógraí íoctha agus socrúcháin sna meáin, agus imeacht poiblí a tionóladh i mí na Nollag.
- Nuachtlitreacha – d'ullmhaigh an tÚdarás Bainistíochta cúig nuachtlitir in 2024 a thug eolas faoi ghlaonna reatha agus glaonna atá le teacht ar thograí agus faoi roghnú oibríochtaí agus faoi phíosaí tábhachtacha eile faisnéise do gheallsealbhóirí. Ba é 59% meánráta oscailte na nuachtlitreacha agus ba é 25.5% an meánráta cliceála.
- Forlíonadh Lá na hEorpa – cruthaíodh agus foilsíodh forlíonadh sa Sunday Independent do Lá na hEorpa mar aon le cláir mhaoinithe eile de chuid an AE in Éirinn.
- Seastáin ag Imeachtaí – Reáchtáladh seastáin faisnéise ag fóraim náisiúnta lena n-áirítear imeacht bliantúil an Chláir Náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht (NRRP) ar an 11 Iúil, imeacht Todhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe ar an 26 Meán Fómhair, agus imeacht seolta Sheachtain Bhithgheilleagair na hÉireann ar an 14 Deireadh Fómhair.
- Freastal ar oiliúint Rannpháirtíochta Saoránach arna cur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí
- Tacaíodh le rannpháirtíocht agus oideachas na hóige trí thráthanna na gceist seachtainiúla urraithe ar Graduate.ie agus Parlaimint Eorpach na nÓg
- Freastal ar Chomórtais Treabhadóireachta ar an 17-19 Meán Fómhair.

Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

Tá Clár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre 2021 – 2027 á bhainistiú ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus tá "ról feabhsaithe" ina bhainistiú tugtha do Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre. Infheistíonn an Clár EUR 663 milliún (EUR 265 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, EUR 398 milliún ó mhaoiniú an Státchiste) i dtaighde agus i nuálaíocht, in éifeachtúlacht fuinnimh agus in athghiniúint inbhuanaithe uirbeach.

Scéimeanna	Tosaíochta Straitéiseacha	Nuashonruithe 2024
Réigiúin Cliste agus Níos Iomaíche a Fhorbairt	**Mol ARC**	Roghnaíodh dhá mhol cliste réigiúnacha chun tráchtálú taighde agus nuálaíocht réigiúnach a thiomáint in 2024 agus seolfar iad in 2025. Sainaithnítear an dá Mhol ARC atá maoinithe faoin scéim seo laistigh den Chlár mar Oibríochtaí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach ag baint leo agus tá siad ailínithe le Straitéis Speisialtóireachta Cliste na hÉireann.
	Geataí Teicneolaíochta	Tacaíonn maoiniú le pearsanra in Ollscoileanna Teicneolaíochta (TUnna) agus in Institiúidí Teicneolaíochta (IoTanna) a bhfuil sé mar ról acu a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht leis an tionscal áitiúil a mhéadú. Feidhmíonn na 16 Gheata cómhaoinithe mar dhroichead idir an tionscal agus grúpa taighde sainithe a dhéanfaidh an obair theicniúil don chuideachta cliaint.
	Tionscnamh Nuálaithe	Ag spreagadh an chéad ghlúin eile fiontraithe agus ceannairí nuálaíochta trí fhoghlaim tumtha atá dírithe ar riachtanais, seoladh trí chlár nua Tionscnamh Nuálaithe in 2024 – Cibear-Nuálaíocht, DigiBio (sláinte dhigiteach) agus FAST-IP (teicneolaíocht talmhaíochta).
	Borradh KT	Tacair scileanna a sheachadadh a thacóidh le méadú ar thorthaí tráchtálaithe taighde laistigh den earnáil ardoideachais ar fud limistéar an chláir agus cáilíocht oibríochtúil chomhsheasmhach a fhorbairt ar fud an Chórais Aistrithe Eolais. Le 11 tairbhí, áirithíonn an scéim go bhfuil an cumas ag earnáil ardoideachais na hÉireann taighde a thráchtálú go héifeachtach.
	Réigiúin Chliste	Is é aidhm Scéim na Réigiún Cliste fás eacnamaíoch a luathú ar fud na réigiún uile agus béim á leagan ar fhorbairt fiontar. Tacaíonn sé le forbairt seirbhísí nuálacha trí bhonneagar áitiúil, braislí nuálaíochta, seirbhísí do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide agus taighde féidearthachta agus ullmhúcháin luathchéime. Mar thoradh air sin, bunófar bonneagar nuálaíochta nua-aimseartha, áiseanna taighde, eagraíochtaí atá dírithe ar eolas a scaipeadh, agus braislí nuálaíochta. Bronnadh maoiniú ar 15 tionscadal faoi dheireadh 2024.
	TU RISE	Tá maoiniú á fháil ag sé institiúid ardoideachais: Tá Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT), Ollscoil Teicneolaíochta Mumhan, Ollscoil Teicneolaíochta Thoir Theas, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne chun feabhas a chur ar chumas taighde agus nuálaíochta in TUanna agus in IoTanna, comhoibriú le fiontair réigiúnacha a chothú agus spriocanna straitéiseacha náisiúnta agus réigiúnacha a chur chun cinn.
Réigiúin níos Glaise, níos Éifeachtúla ó thaobh Fuinnimh de agus Aistriú Cóir a Chruthú	**Tithe Níos Teo**	Soláthraíonn sé athchóirithe tithe lánmhaoinithe d'úinéirí-áititheoirí atá i mbaol bochtaineachta breosla, cuireann sé feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh agus dálaí maireachtála tríd an scéim Tithe Níos Teo de chuid SEAI (Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann).
Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe	**THRIVE - Céad Scéim Athbheochana Oidhreachta Lár an Bhaile**	Tacaíonn sé le hathbheochan foirgneamh oidhreachta agus lár bhaile atá folamh agus tréigthe i mbailte tábhachtacha, in ionaid fáis straitéiseacha agus i gcathracha, ag cothú pobail bheoga, inbhuanaithe. Bronnadh maoiniú ar 15 thionscadal Snáithe 1 agus ceithre thionscadal Snáithe 2 in 2024, lena n-áirítear Dún Laoghaire (DLR); Droichead Átha (Co. Lú) agus Teach Leamhcáin (DCC) faoi Shnáithe 1 agus ceathrú cultúrtha na hUaimhe (Co. na Mí) faoi Shnáithe 2.

Cláir Chomhair Chríche na hEorpa 2021-2027

Tugadh cuireadh don Tionól páirt a ghlacadh i gcásanna rialachais roinnt clár Eorpach chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go rianúil iad. Bíonn Comhaltaí EMRA ar Choiste Faireacháin PEACE+ agus bíonn feidhmeannach EMRA ar na nithe seo a leanas: Iarthuaisceart na hEorpa, limistéar an Atlantaigh agus URBACT.

Glacann EMRA páirt freisin i measúnú iarratais tionscadail do chlár Limistéar an Atlantaigh agus Iarthuaisceart na hEorpa. In 2024, rinne EMRA measúnú ar 54 iarratas tionscadail d'Iarthuaisceart na hEorpa thar dhá ghlao ar thograí agus ghlac siad páirt in dhá chruinniú PMC d'Iarthuaisceart na hEorpa agus in dhá chruinniú PMC do URBACT.

Ionadaíocht Chomhaltaí Tofa EMRA ar Choistí Faireacháin Clár

Ionadaí	Cláir		Dátaí Cruinnithe
	Go dtí mí Iúil 2024	*Ó mhí Iúil 2024*	
Clár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre (CFRE)	• An Comhairleoir Gerry Walsh (Iomlán) • An Comhairleoir Dermot Lacey (Malartach) • An Comhairleoir Aisling Moran (Malartach)	• An Comhairleoir Patsy Glennon (Iomlán) • An Comhairleoir Joe Fox (Iomlán) • An Comhairleoir Mick Cahill (Malartach) • An Comhairleoir Avril Cronin (Malartach)	17 Aibreán
Clár JTF AE	An Comhairleoir K Feeney	An Comhairleoir C Fitzgerald	• 19 Meitheamh • 22 Samhain
Peace +	An Comhairleoir Conor Keelan	An Comhairleoir Emma Coffey	• 5 Meitheamh • 5 Samhain

Oifigigh EMRA atá rannpháirteach ar Choistí Faireacháin Clár

Rannpháirtí	Cláir	Cruinniú a raibh freastal air
Comhaontú Comhpháirtíochta Náisiúnta	Bernie Roe Uasal, Stiúrthóir Cúnta	16 Aibreán
Clár Fostaíochta, Cuimsithe, Scileanna agus Oiliúna (Ciste Sóisialta na hEorpa - CSE)	Helena Stromberg Uasal, Oifigeach Sinsearach Foirne	
Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (EMFF)	Bernie Roe Uasal, Stiúrthóir Cúnta	
Clár Réigiúnach ERDF an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre	Bernie Roe Uasal, Stiúrthóir Cúnta	17 Aibreán
Clár Réigiúnach ERDF an Tuaiscirt agus an Iarthair	Clare Bannon Uasal, Stiúrthóir	
Tearmann, Imirce agus Imeascadh (AMIF)	Bernie Roe Uasal, Stiúrthóir Cúnta	13 Márta
Plean Straitéiseach CAP	Laure Antoniotti Uasal, Oifigeach Riaracháin AE agus Corparáideach	
Coiste stiúrtha PEACEPLUS	Bernie Roe Uasal, Stiúrthóir Cúnta	17-18 Meán Fómhair
Interreg Limistéar an Atlantaigh	Laure Antoniotti Uasal, Oifigeach Riaracháin AE agus Corparáideach	
Interreg Iarthuaisceart na hEorpa	Laure Antoniotti Uasal, Oifigeach Riaracháin AE agus Corparáideach	• 15 Aibreán • 28-29 Bealtaine • 10-11 Nollaig
URBACT	Laure Antoniotti Uasal, Oifigeach Riaracháin AE agus Corparáideach	• 27-28 Meitheamh • 29-30 Deireadh Fómhair

Bheith ina mhol acmhainní don Réigiún

Is é príomhuaillmhian an Tionóil Réigiúnaigh mol acmhainní a bheith ann don Réigiún agus treoir agus tacaíocht a sholáthar do na geallsealbhóirí uile ar mian leo rochtain a fháil ar mhaoiniú AE. Chun an sprioc seo a bhaint amach, tá ról lárnach ag Oifig Eorpach Réigiún na hÉireann (IREO) agus ag freagrachtaí méadaitheacha EMRA mar Phointe Teagmhála Náisiúnta.

Feasacht a Ardú agus Cumarsáid

I mí Feabhra 2024, rinne an IREO cur i láthair ag seimineár oiliúna bliantúil Chumann Réigiún na hÉireann 'Forbairt Réigiúnach Éireann a Chruthú' a tionóladh in Áth Dara, Co. Luimnigh. Thug Teresa Lennon, Ceann na hOifige, forbhreathnú ar obair an IREO agus thug sí nuashonrú do na toscairí ar obair Thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún.

Bhí 10ú Cruinniú Mullaigh Eorpach na Réigiún agus na gCathracha ar siúl in Mons ar an 18 agus ar an 19 Márta 2024. Gné lárnach de chlár oibre réigiúnach Uachtaránacht na Beilge ar an AE, d'fhreastail breis is 3,500 ceannaire áitiúil agus réigiúnach ó ar fud na hEorpa ar an gCruinniú Mullaigh a tháinig le chéile chun clár oibre thodhchaí na hEorpa a mhúnlú, agus béim á leagan ar chumhacht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach chun dúshláin a sheachadadh agus dul i ngleic leo. Mar aon leis na seisiúin iomlánacha agus na ceardlanna, bhí Féile Réigiún dhá lá ann inar léirigh réigiúin ó ar fud na hEorpa a sócmhainní agus a rannpháirtíocht i gcláir mhaoinithe an AE. Rinneadh ionadaíocht ar Éirinn ag an bhFéile leis an seastán Éireannach ar a raibh an-tóir, rud a léirigh obair Thionóil Réigiúnacha na hÉireann, lena n-áirítear an EMRA agus Oifig Eorpach Réigiún na hÉireann sa Bhruiséil. Thug an seastán deis d'Éirinn smaointe a mhalartú agus comhpháirtíochtaí a thógáil le Réigiúin ó ar fud na hEorpa!

Pointe Teagmhála Náisiúnta (NCP)

Bealach eile don Tionól ról a ghlacadh mar mhol acmhainní do gheallsealbhóirí Éireannacha is ea tríd an ról atá againn mar Phointe Teagmhála Náisiúnta don chlár URBACT agus don chlár Tionscnaimh Uirbigh Eorpaigh araon, a chuireann forbairt uirbeach inbhuanaithe chun cinn.

"Is é príomhuaillmhian an Tionóil Réigiúnaigh mol acmhainní a bheith ann don Réigiún agus treoir agus tacaíocht a sholáthar do na geallsealbhóirí uile ar mian leo rochtain a fháil ar mhaoiniú AE.

URBACT IV

Is clár Eorpach é URBACT a chuireann forbairt uirbeach inbhuanaithe chomhtháite chun cinn i gcathracha agus i mbailte ar fud na hEorpa, bunaithe ar chur chuige comhtháite agus rannpháirteach, agus atá maoinithe go príomha ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

Is iad dhá cheann de na príomhchineálacha tionscadal a fhaigheann maoiniú faoi URBACT ná Líonraí Pleanála Gníomhaíochta (APNanna) agus Líonraí Aistrithe (LNAnna). Leis an mbeirt acu siúd bíonn comhpháirtithe ag obair le chéile chun Plean Gníomhaíochta Comhtháite a fhorbairt dá gceantar áitiúil. Seoladh cineál nua tionscadail go luath in 2024 – Líonraí Aistrithe Nuálaíochta (ITN), ar comhoibriú é idir URBACT agus an Tionscnamh Uirbeach Eorpach (EUI). Is é príomhaschur ITNanna Plean Infheistíochta agus Leanúnachais saincheaptha a ullmhú do gach ceann de cheantair na gcomhpháirtithe.

Díríonn gach ceann de líonraí URBACT ar mhalartú foghlama agus cleachtais idir na comhpháirtithe trasnáisiúnta. Laistigh d'Éirinn, tá gach ceann de na 31 údarás áitiúil agus cúig Cheantar Feabhsúcháin Gnó incháilithe don Chlár. Tá seacht gcomhpháirtí tionscadail ag glacadh páirte in APNanna i sé údarás áitiúil in Éirinn faoi láthair. Cuireadh tús leis na tionscadail sin i mí an Mheithimh 2023 agus áirítear orthu Inis (An Clár), Baile Brigín (Fine Gall), Cathair Luimnigh (1 agus 2), Baile Uí Mhatháin (An Longfort), An Uaimh (An Mhí) agus Baile Shligigh. Tá Fine Gall i gceannas ar a líonra "EcoCore", an chéad uair d'údarás áitiúil Éireannach a bheith i gceannas ar thionscadal URBACT. Tar éis an ghlao ar ITNanna in 2024, chuir dhá chomhpháirtí Éireannacha eile tús lena n-aistear URBACT i Meán Fómhair 2024: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (WISH CITIES) agus Ceantar Gnó Áth an Ghainimh (ReCUP).

I mí Dheireadh Fómhair 2024, bronnadh lipéad Dea-Chleachtais URBACT ar thrí údarás áitiúil in Éirinn: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Cathrach Chorcaí. Tugadh cuireadh d'údaráis áitiúla ó ar fud na hEorpa cleachtais, beartais agus tionscadail éifeachtacha a chur isteach a bhí curtha i bhfeidhm go rathúil acu ina gceantar áitiúil. Cuirfidh gach ceann de na 116 Dea-Chleachtas bailíochtaithe a dtionscadail i láthair le linn Fhéile Cathrach URBACT i mí Aibreáin 2025 in Wroclaw, an Pholainn.

> *I mí Dheireadh Fómhair 2024, bronnadh lipéad Dea-Chleachtais URBACT ar thrí údarás áitiúil in Éirinn: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Cathrach Chorcaí*

Bhí Seisiún Eolais URBACT-EUI Éireann ar siúl i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath i mí Eanáir 2024. Chonacthas mar thoradh air seo seoladh an ghlao ar Líonraí Aistrithe Nuálaíochta (ITNanna). Bhí an dara seisiún eolais ar siúl ar líne i mí Aibreáin, ag díriú ar an nglao ar Dhea-Chleachtais URBACT. Cuireadh URBACT i láthair arís agus arís eile ar fud na tíre, lena n-áirítear ag Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA), ag Comhdháil AIR in Áth Dara, ag cruinniú Líonra Oifigeach Athghiniúna Baile i mBaile Átha Luain, mar chuid freisin de Chomhdháil ar Bhailte agus Cathracha na hÉireann sa Todhchaí, ag líonra ETC ar líne an SRA, agus cuireadh ar taispeáint é freisin mar chuid de thaispeántas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le linn imeachta ar Thodhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe.

Bhí cruinniú de chomhpháirtithe gníomhacha líonra URBACT in Éirinn ar siúl i Luimneach. Áiríodh leis an ócáid seo nuashonruithe tionscadail, seisiún oiliúna leis an Rialaitheoir Céad Leibhéal Michael Buckley agus cuairteanna ar láithreáin. Tharla Campas Náisiúnta i mBaile Brigín a dhírigh ar chéim chur i bhfeidhm agus mhaoinithe na Líonraí Pleanála Gníomhaíochta gníomhacha. Chuir an ócáid oiliúint ar fáil ag baint úsáide as acmhainní ó bhosca uirlisí URBACT chun cabhrú leis na comhpháirtithe a bPleananna Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm agus a mhaoiniú ar an mbealach is fearr amach anseo. I measc na seisiún eile bhí ceann chun "bualadh leis na maoinitheoirí" agus Ceardlann Fresk Aeráide.

Le linn 2024, d'óstáil beirt de chomhpháirtithe APN URBACT na hÉireann (Inis agus Luimneach) cuairt óna líonra trasnáisiúnta iomlán ina gceantair féin i mí Aibreáin agus i mí an Mheithimh, faoi seach. Ghlac an Pointe Teagmhála páirt freisin i gcruinnithe Ghrúpa Áitiúil URBACT de chuid trí Chomhpháirtí Tionscadail in Éirinn.

Tionscnamh Uirbeach Eorpach (EUI)

Is é Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre an pointe teagmhála in Éirinn don Tionscnamh Uirbeach Eorpach (EUI) chomh maith. Tacaíonn an EUI le limistéir uirbeacha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh de gach méid le gníomhartha nuálacha, tógáil acmhainne agus eolais, forbairt beartais, agus cumarsáid maidir le Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe atá ábhartha don AE. Cuidíonn na tionscadail le réitigh, teicnící, agus samhlacha pleanála nua a thástáil. Trí sin a dhéanamh, féachann an AE lena áirithiú go mbíonn páirt ghníomhach ag cathracha i bhfreagairtí beartais a dhearadh agus a chur i bhfeidhm maidir lena ndúshláin áitiúla.

Áirítear leis an tacaíocht a chuireann EUI ar fáil:

- Gníomhartha nuálacha - suas le EUR 5m i gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, rud a ligeann do chathracha triail a bhaint as a gcuid smaointe nuálacha agus ansin iad a aistriú chuig cathracha eile.
- Tógáil acmhainne chun acmhainn na gcathracha a neartú trí straitéisí, beartais agus cleachtais SUD a dhearadh ar bhealach atá comhtháite agus rannpháirteach. Baintear é seo amach trí ghlaonna Athbhreithnithe Piaraí agus Malartuithe idir Cathair agus Cathair araon.

I mí na Samhna, chuidigh EMRA, mar Phointe Teagmhála don EUI, le himeacht um Fhorbairt Acmhainne Náisiúnta a reáchtáil i dteannta na Rúnaíochta, an SRA agus an NWRA. Bhí an fócas ar ár lonnaíochtaí ainmnithe agus orthu siúd atá rannpháirteach sa scéim THRIVE. Chuidigh an ócáid um Fhorbairt Acmhainne seo le hoiliúint a chur ar raon cleachtóirí uirbeacha chun a áirithiú go raibh luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua comhtháite ina ndearadh, ina gcur i bhfeidhm agus ina dtorthaí ina straitéisí agus ina dtionscadail forbartha áitiúla.

In 2024, sheol an EUI glao ar Ghníomhartha Nuálacha a chríochnaigh i mí Dheireadh Fómhair (táthar ag súil le torthaí i Ráithe 1 2025). Reáchtáil an Pointe Teagmhála seisiún faisnéise ar líne i mí an Mheithimh chomh maith le roinnt cruinnithe déthaobhacha le baill foirne údaráis áitiúil a raibh suim acu ann. Rinne dhá údarás áitiúla iarratas le bheith ina gcomhpháirtithe iomlána agus chomhaontaigh údaráis eile go sealadach le bheith ina gComhpháirtithe Aistrithe. D'fhan an glao Malartaithe Cathair go Cathair oscailte go leanúnach i rith 2024 agus seoladh dhá ghlao Athbhreithnithe Piaraí i Ráithe 1 agus i Ráithe 4, ar chuir baill foirne údarás áitiúil na hÉireann isteach orthu. Chomhóstáil EMRA seisiún faisnéise ar líne chun tacú leis an dara glao Athbhreithnithe Piaraí i mí Dheireadh Fómhair.

Cuireadh tairiscint chlár EUI i láthair don SRA agus don NWRA freisin, bhí sé le feiceáil ag AIR, agus cuireadh i láthair é i gcomhpháirt in éineacht le URBACT le linn na Comhdhála ar Bhailte agus Cathracha na hÉireann sa Todhchaí, agus do líonra ETC ar líne an SRA freisin.

Foilsíonn URBACT agus EUI in Éirinn nuachtlitreacha comhpháirteacha gach dara mí. Foilsítear ailt nuachta ar leathanach gréasáin Éireann ar shuíomh gréasáin URBACT. Tá sé seo comhchosúil i gcás leathanach gréasáin Éireann EUI agus i gcás leathanach Portico Éireann. Déantar cuntas comhpháirteach ar Ardán X (Twitter roimhe seo) a nuashonrú go rialta freisin.

"Tacaíonn an EUI le limistéir uirbeacha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh de gach méid le gníomhartha nuálacha, tógáil acmhainne agus eolais, forbairt beartais, agus cumarsáid maidir le Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe atá ábhartha don AE.

Fás mar Réigiún

Sócmhainní EMRA a chur in iúl agus a chur i láthair

Suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta

Ba éacht tábhachtach in 2024 i gcumarsáid an Tionóil ná athdhearadh agus seoladh suíomh gréasáin nua, rud a tharla ag an am céanna le tús shainordú nua an Tionóil i mí Iúil. Le dearadh níos nua-aimseartha, nascleanúint fheabhsaithe agus inrochtaineacht níos fearr, cuirfidh an suíomh gréasáin nua seo ar chumas an Tionóil a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh i ndáil le foilsiú doiciméad oifigiúil agus faisnéise a bhaineann le JTF an AE agus na hoibreacha a dhéanann an Tionól a thaispeáint.

Le bliain anuas, neartaigh an Tionól Réigiúnach a láithreacht ar na meáin shóisialta chun rannpháirtíocht an phobail, trédhearcacht agus inrochtaineacht a fheabhsú. Dhírigh ár straitéis ar ábhar tráthúil, faisnéiseach agus pobal-thiomáinte ar fud ardáin thábhachtacha. Thugamar tús áite do theachtaireachtaí comhsheasmhacha, do scéalta amhairc, agus do nuashonruithe rialta ar fhorbairtí beartais, imeachtaí agus seoltaí tionscadal. Trí ábhar a chur in oiriúint do lucht féachana ardáin-shonracha agus trí úsáid a bhaint as anailísíocht chun ár gcur chuige a bheachtú, tá fás seasta feicthe againn i raon feidhme agus i rannpháirtíocht. Leanann na meáin shóisialta de bheith ina n-uirlis ríthábhachtach chun idirphlé a chothú le comhthoghthóirí agus le geallsealbhóirí, rud a neartaíonn ár dtiomantas maidir le rialachas oscailte agus freagrúil.

Tá cuntais ag EMRA le trí ardán faoi láthair:

Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

@EMRAssembly & @IrishRegions_EU @EUJTF_ie

Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

Le bliain anuas, neartaigh an Tionól Réigiúnach a láithreacht ar na meáin shóisialta chun rannpháirtíocht an phobail, trédhearcacht agus inrochtaineacht a fheabhsú.

In 2024, bhí Twitter/X fós ina ardán scaipthe tábhachtach do EMRA toisc go raibh láithreacht ag formhór ár ngeallsealbhóirí agus ár gcomhpháirtithe ann. Fuair ár lucht féachana Twitter 150 leantóir nua in 2024, chun líon iomlán de 962 a bhaint amach. Bhí an fás go hiomlán orgánach (níor íocadh as). Bhí 848 leantóir ag ár bpróifíl LinkedIn ar an 31 Nollaig 2024.

Tá cuntas tiomnaithe curtha ar bun ar X (Twitter roimhe seo) freisin do Chlár Chiste AE um Aistriú Cóir (@EUJTF_ie). Ag deireadh 2024, bhí 478 leantóir ag an gcuntas seo (méadú ó 378 in 2023), agus bhí 238 post agus athphostáil déanta aige a raibh 64.4K imprisean mar thoradh air (laghdú ó 125.1K imprisean in 2023). Mar sin féin, tá an raon feidhme agus an rannpháirtíocht ar X/Twitter tite agus déanfaidh an Tionól athbhreithniú in 2025 ar na hardáin atá ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi agus ar an áit is fearr chun teacht ar ár lucht féachana beartaithe.

Cuireann Ciste AE um Aistriú Cóir nuashonruithe suas ar chuntas Instagram comhpháirteach do Chistí an AE in Éirinn (@eufundsireland). Tá 468 leantóir ag an gcuntas faoi láthair.



Próifíl láidreachtaí an Rialtais áitiúil agus réigiúnaigh a ardú

Reáchtáil Cumann Réigiún na hÉireann (AIR), an comhlacht ionadaíoch do na trí Thionól Réigiúnacha, a seimineár oiliúna bliantúil in Áth Dara (Co. Luimnigh) thar dhá lá i mí Feabhra faoin téama "Acmhainn a thógáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin in Éirinn a bhíonn ag athrú". Thug an ócáid seo, "Réigiúin i bhFócas", Comhaltaí Tofa ó Údaráis Áitiúla ar fud na hÉireann, státseirbhísigh shinsearacha agus státseirbhísigh ó Éirinn, ón Iorua agus ón Danmhairg le chéile chomh maith le hanailísithe beartais, acadóirí agus Airí Rialtais chun plé agus díospóireacht a dhéanamh ar rialtas fo-náisiúnta agus réigiúnach in Éirinn. Dhírigh an t-eagrán seo ar na céimeanna criticiúla i bpleanáil agus i bhforbairt na hÉireann, amhail an Bille Pleanála agus Forbartha nua, athbhreithniú an Chreat Náisiúnta Pleanála, agus na dúshláin leanúnacha a bhaineann le hathrú aeráide. Agus 130 comhairleoir áitiúil i láthair, d'oscail Cathaoirleach AIR, an Comhairleoir Dermot Lacey an t-imeacht agus chuir sé fáilte roimh na hAirí Norma Foley TD agus Jack Chambers TD agus an tAire Stáit Kieran O'Donnell TD.

I mí an Mheithimh, d'ainmnigh an Coimisiún Eorpach EMRA mar Ghleannta Nuálaíochta Réigiúnacha (RIVanna), agus é ag dul isteach i líonra de 149 réigiún ainmnithe ar an gcaoi chéanna ar fud na hEorpa. Bronnadh an lipéad ar na trí réigiún in Éirinn, lipéad a aithníonn acmhainneacht na réigiún mar mhoil de nuálaíocht agus d'fhás eacnamaíoch laistigh de líonra de 149 réigiún ainmnithe ar an gcaoi chéanna ar fud na hEorpa. Trí bheith mar chuid den tionscnamh RIV, tugtar deiseanna nua maoinithe agus comhoibrithe idirnáisiúnta don Réigiún chun iomaíochas agus nuálaíocht a fheabhsú ar an gCríoch.

Cumarsáid IREO

Ag deireadh 2024, d'fhoilsigh an IREO leabhrán faoi Thionchar Thoscaireacht na hÉireann chuig CoR don sainordú 2020 – 2025. Leagann sé seo béim ar na 11 thuairim a d'ullmhaigh Comhaltaí Éireannacha agus leagann sé amach obair agus tionscnaimh thoscaireacht na hÉireann.

Rinne an IREO a shuíomh gréasáin a nuashonrú go rialta freisin agus d'fhoilsigh sé cúig nuachtlitir i rith na bliana.



Corparáideach, AD agus Airgeadas

In 2024, lean an Rannóg Chorparáideach de sheirbhísí tacaíochta riaracháin agus eagrúcháin a sholáthar don Tionól agus de bhainistiú a dhéanamh orthu siúd go leanúnach. Déantar feidhmeanna amhail Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna a sheachadadh i gcomhréir le cuspóirí na heagraíochta.

Cuirtear feidhmeanna an Tionóil i láthair sa Phlean Corparáideach 2019-2024 agus leagtar amach ann fís, cuspóirí agus luachanna EMRA.

I gcomhréir leis an bPlean Corparáideach, le linn 2023, lean an Tionól Réigiúnach trí phríomhsprioc straitéiseacha:

1. An clár oibre réigiúnach a thiomáint trí rannpháirtíocht leanúnach agus bhríoch le geallsealbhóirí a áirithiú chun comhleanúnachas forbartha réigiúnaí a áirithiú agus chun beartais a mhúnlú
2. Tionchar nithiúil a imirt ar an talamh trí thionscadail a chur i gcrích agus a bheith ina acmhainn agus ina thacaíocht don réigiún.
3. Fás mar réigiún trínár bpróifíl réigiúnach a ardú agus an eagraíocht a neartú

Aistrítear na spriocanna sin go Clár Oibreacha gach bliain. Glacadh le Clár Oibreacha 2024 ag an Tionól i mí Feabhra 2024 agus scaipeadh é ar na hÚdaráis Áitiúla comhpháirteacha.

Déantar tuarascálacha ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna seo a bhaint amach a thuairisciú do Chomhaltaí gach ráithe trí nuashonruithe ar an gClár Oibreacha ag cruinnithe an Tionóil.

Gach bliain, glacann an Tionól a thuarascáil bhliantúil ina bhfuil tiomsú ar na gníomhaíochtaí a rinne an Tionól i rith na bliana. Dhréachtaigh an fhoireann feidhmiúcháin tuarascáil bhliantúil 2023 agus ghlac an Tionól léi ag cruinniú mhí na Bealtaine.

Tar éis na dtoghchán áitiúil agus bunú Tionóil nua i mí Lúil, chuir an Fhoireann Chorparáideach agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí tús leis an obair ar Phlean Corparáideach nua an Tionóil 2025-2030. Tar éis bailíochtú Chomhaltaí EMRA, seoladh sraith cleachtaí comhairliúcháin san Fhómhar, dírithe ar bhaill foirne EMRA, ar gheallsealbhóirí EMRA agus ar an bpobal i gcoitinne. Roinneadh ceistneoirí leis na trí ghrúpa sin agus tionóladh ceardlann tiomnaithe le foireann an Tionóil. Bhí sé beartaithe tuilleadh comhairliúcháin agus rannpháirtíochta a dhéanamh le Comhaltaí an Tionóil in 2025.

Saoráil Faisnéise

Le linn 2024, chomhordaigh an t-oifigeach um Shaoráil Faisnéise bainistiú iarrataí a fuarthas faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Ní bhfuair an Tionól aon iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2024.

Acmhainní Daonna

Lean an Rannóg Acmhainní Daonna de Phlean Fórsa Saothair a glacadh do EMRA a chur i bhfeidhm, agus d'oibrigh sí leis an mbainistíocht ar fud na heagraíochta chun a gcuid riachtanas acmhainní a chomhlíonadh i gcomhthéacs chuspóirí an Phlean Chorparáidigh 2019-2024.

In 2024, cheap EMRA Oifigeach Airgeadais, Oifigeach Cúnta Foirne, Pleanálaí Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais. D'oibrigh EMRA go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freisin chun feachtas earcaíochta do Phleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearacha a sheoladh.

Bhí Acmhainní Daonna i dteagmháil le Líonra Oifigeach AD na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil a éascaíonn malartú eolais i ndáil le beartais AD.

Ghlac baill foirne páirt san oiliúint riachtanach i rith na bliana i réimsí bainistithe cistí AE, cosaint sonraí, Scéim Pinsean Aonair, Soláthar Poiblí agus cur i bhfeidhm beartas inmheánach.

Seirbhísí Tacaíochta Foirne

Choinnigh EMRA lena sholáthar seirbhísí tacaíochta foirne mar chuid de chlár foriomlán cúnaimh d'fhostaithe i rith na bliana.

> *Choinnigh EMRA lena sholáthar seirbhísí tacaíochta foirne mar chuid de chlár foriomlán cúnaimh d'fhostaithe i rith na bliana.*

Airgeadas

In 2024, lean foireann Airgeadais EMRA de bhainistiú airgeadais láidir a áirithiú, ag tacú le trédhearcacht, comhlíonadh agus úsáid éifeachtach acmhainní ar fud na heagraíochta.

I measc na bpríomhréimsí fócais bhí:

- Ag tiomsú Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023, a fuair ceadú foirmiúil ó Chomhaltaí an Údaráis i mí Aibreáin 2024.
- Bainistiú oibríochtaí airgeadais laethúla lena n-áirítear monatóireacht bhuiséid, gníomhaíochtaí soláthair, agus rialuithe airgeadais chun tacú le cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla.
- A áirithiú go ndéantar íocaíochtaí a phróiseáil go cruinn, go ngnóthaítear cistí, agus go ndéantar taifid airgeadais a réiteach i gcomhréir le caighdeáin na hearnála poiblí.
- Tacaíocht riaracháin airgeadais a sholáthar d'Oifig Eorpach Réigiún na hÉireann (IREO), atá lonnaithe sa Bhruiséil.
- Maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe párolla agus pinsin d'fhoireann EMRA tríd an ardán seirbhísí comhroinnte náisiúnta, MyPay.
- Comhordú a dhéanamh ar fhorbairt na meastachán airgeadais agus an bhuiséid do 2025, ar ghlac na Comhaltaí iad i mí Dheireadh Fómhair 2024.

D'éascaigh an fhoireann Chorparáideach an t-iniúchadh bliantúil a rinne iniúchóir an rialtais a tharla i ráithe 4 de 2024.

Úsáid fuinnimh an Tionóil Réigiúnaigh

Níl aon mhéadair aonair suiteáilte in oifigí Ionad Cathartha Bhaile Munna agus, dá bhrí sin, ní thuairiscímid ach ar an úsáid ar fud an fhoirgnimh ar fad.

Fóntas	2023	2024	%
Leictreachas (Mw)	1093	965	-11.71
Uisce (M3)	5792	5501	-5.02
Gás (M3)	176118	186115	+5.37

Nótaí míniúcháin 2024:

- Leanann bainistíocht an fhoirgnimh de pholasaí a chur i bhfeidhm maidir le lampaí/feistis solais a athsholáthar le soilse LED nuair is féidir.
- Leanann bainistíocht an fhoirgnimh de choigeartuithe a dhéanamh ar threalamh meicniúil/leictreach chun an t-oibriú is fearr is féidir a áirithiú.
- Is féidir méadú ar thomhaltas gáis a mhíniú le ráithe 1 níos fuaire in 2024

Iarscríbhinní

Liosta foirne 2024

Clare Bannon	Stiúrthóir Gníomhach	
Bernadette Roe	Stiúrthóir Cúnta	
Anne-Marie Wood Wolfe	Stiúrthóir Cúnta Gníomhach / Pleanálaí Sinsearach	
Teresa Lennon	Ceann IREO	
Padraig O'Shea	Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach	(D'éirigh sé as i mí na Samhna 2024)
Eugenia Thompson	Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach	(D'éirigh sé as i mí Feabhra 2024)
Laure Antoniotti	Oifigeach Riaracháin	
Terence Connolly	Oifigeach Riaracháin	
Katarzyna Kaczmarek	Oifigeach Riaracháin - Airgeadas	(Thosaigh sí ar an 26 Feabhra 2024)
Karl Murphy	Oifigeach Gnóthaí AE	
Owen Douglas	Pleanálaí Feidhmiúcháin ansin Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach	
Shane O Donnell	Pleanálaí Feidhmiúcháin	(Thosaigh sé ar an 18 Meitheamh 2024)
Helena Stromberg	Oifigeach Cumarsáide	
Ruth Kilcullen	Oifigeach Tionscadail AE	
Simon Musial	Oifigeach Sinsearach Foirne	
Rory O'Sullivan	Oifigeach Foirne ansin Oifigeach Sinsearach Foirne	
Tadhg Browne	Oifigeach Tacaíochta AE	
Geraldine Kenny	Oifigeach Cléireachais ansin Oifigeach Foirne Cúnta	
Ross Higgins	Oifigeach Cléireachais	
Sarah Campbell	Oifigeach Cléireachais	
Kiara Abbey	Oifigeach Cléireachais	
Cara Farrell	Oifigeach Cléireachais	(Thosaigh sí ar an 2 Meán Fómhair 2024)

Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023

Eastern & Midland Regional Assembly
Income and Expenditure Account for the year ended 31 December 2023

Eastern and Midland Regional Assembly	
Expenditure	**EMRA 2023**
Salaries	1,050,483
Office Equipment & Supplies	3,332
Information Technology	38,674
Communications & Postage	12,709
Members Annual Allowances	48,163
Travel & Subsistence Allowances:	
I - Members Travel & Subsistence	12,479
II - Members conferences	1,958
III - Staff Travel and Subsistence	34,062
Rent	89,939
Insurance	11,274
Training	23,036
Consultancy & professional Fees	71,668
Facilities, Energy & Rates charges	72,952
Advertising	3,207
Audit Fee	7,736
Miscellaneous	7,188
EU Affairs & IRO (COR)	261,245
European Urban Initiative (EUI)	12,482
EU Just Transition Fund (JTF)	502,375
Next2Met Interreg Programme	6,390
Origin EU Project	49,460
Progress Interreg Project	2,617
URBACT	40,804
Expenditure total	**2,364,231**
Income	
Local Authorities Contributions	1,238,187
Other Income	41,748
Superannuation	26,094
Committee of the Regions	260,255
COR Misc	990
European Urban Initiative (EUI)	12,482
EU Just Transition Fund (JTF)	502,375
Next2Met Interreg Programme	6,390
Origin EU Project	39,568
Progress Interreg project	2,617
URBACT	40,804
Receipts total	**2,171,509**
Difference between Income + Expenditure	**(192,722)**
Opening balance at 01/01/2023	**1,496,614**
Closing Balance at end of year Surplus	**1,303,892**

Eastern and Midland Regional Assembly	
Expenditure	**EMRA 2022**
Salaries	611,759
Office Equipment & Supplies	7,972
Information Technology	38,814
Communications & Postage	8,621
Members Annual Allowances	46,661
Travel & Subsistence Allowances:	
I - Members Travel & Subsistence	11,104
II - Members conferences	1,248
III - Staff Travel and Subsistence	17,930
Rent	117,648
Insurance	6,585
Training	9,006
Consultancy & professional Fees	82,033
Facilities, Energy & Rates charges	70,299
Advertising	1,673
Audit Fee	6,994
Miscellaneous	10,708
EU Affairs & IRO (COR)	192,346
Communicating Europe	0
JTF	151,582
URBACT	26,953
National Practice Transfer Initiative (Urbact)	45,777
Next2Met Interreg Programme	49,114
Progress Interreg project	78,568
Expenditure total	**1,593,395**
Income	
Local Authorities Contributions	1,160,990
Other Income	53,364
Superannuation	14,536
Committee of the Regions	190,682
COR Misc	1,664
Communicating Europe	0
National Practice Transfer Initiative (Urbact)	45,498
URBACT	26,500
Next2Met Interreg Programme	49,114
Progress Interreg project	78,568
JTF	151,582
Receipts total	**1,772,499**
Difference between Income + Expenditure	**179,104**
Opening balance at 01/01/2022	**1,317,510**
Closing Balance at end of year Surplus	**1,496,614**

Catherine Fitzgerald

Signed:_____

Councillor Catherine Fitzgerald, Cathaoirleach

Date: Jan 17 2025

Clare Bannon

_____

Ms. Clare Bannon, Acting Director

Date: Jan 09 2025

Clár Comhardaithe Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre amhail an 31 Nollaig 2023

Eastern and Midland Regional Assembly
Balance Sheet as at 31st December 2023

Eastern and Midland Regional Assembly	
Balance Sheet 2023	
Fixed Assets	
IT Equipment	€5,000
Furniture & Fixtures	€0
Heritage Assets	€10,000
	€15,000
Current Assets	
Cash at Bank	€921,482
Debtors	€497,455
Petty Cash	€476
Prepayments	€1,177
	€1,420,589
Current Liabilities	
Creditors & Accruals	€116,697
Deferred income	€0
Bank Overdraft	€0
	€116,697
Net Current Assets	**€1,303,892**
Net Assets	**€1,318,892**
Financed by	
Balance @ 01/01/23	€1,496,614
General Reserve	€0
Inherited Fixed Assets from old DRA	€15,000
(Deficit)\Excess of Income over Expenditure	(€192,722)
	€1,318,892

Eastern and Midland Regional Assembly	
Balance Sheet 2022	
Fixed Assets	
IT Equipment	€5,000
Furniture & Fixtures	€0
Heritage Assets	€10,000
	€15,000
Current Assets	
Cash at Bank	€1,279,976
Debtors	€401,128
Petty Cash	€13
Prepayments	€1,427
	€1,682,544
Current Liabilities	
Creditors & Accruals	€173,413
Deferred income	€12,517
Bank Overdraft	€0
	€185,930
Net Current Assets	**€1,496,614**
Net Assets	**€1,511,614**
Financed by	
Balance @ 01/01/22	€1,317,510
General Reserve	€0
Inherited Fixed Assets from old DRA	€15,000
(Deficit)\Excess of Income over Expenditure	€179,104
	€1,511,614

Liúntais agus Costais Chomhaltaí 2023

Members (Cllr.)	Fixed Allowance	Training	Committee of Regions	Conferences
Daryl Barron (Dublin)	€ 459.21			
Emma Blain (Dublin)	€ 612.28			
Aoife Breslin (Kildare)(CoR)	€ 1,146.86			
Fintan Brett (Kildare)	€ 760.49	€ 327.46		
John Browne (Longford)	€ 2,220.41			
Emma Coffey (Louth)	€ 197.94			
Avril Cronin (Wicklow)	€ 1,091.09			
Eamon Dooley (Offaly)	€ 2,618.41		€ 765.17	€ 340.00
Laura Donaghy (Dublin)	€ 538.80	€ 241.50		
Caroline Dwane (Laois)(CoR)	€ 1,702.03		€ 438.41	
Kate Feeney (Dublin)	€ 612.29	€ 156.91	€ 787.76	
Kate Feeney (Cathaoirleachs Allowance)	€ 7,312.50			
Tom Fortune (Wicklow)	€ 88.49			
Brian Fitzgerald (Meath)	€ 138.27			
Catherine Fitzgerald (Laois)	€ 1,779.16			
Eddie Fitzpatrick (Offaly)	€ 1,562.45	€ 545.85		
Mary Freehill (Dublin)	€ 222.65	€ 286.70		
James (Jim) Gildea (Dublin)	€ 623.70	€ 466.29		
Alison Gilliland (Dublin)	€ 612.29			
David Gilroy (Meath)	€ 930.03	€ 523.58		
Lyn Hagin Meade (Dublin)	€ 612.29	€ 264.90		
Mary Hanafin (Dublin)	€ 211.51			
David Healy (Dublin)	€ 612.29			
Deirdre Heney (Dublin)	€ 612.29	€ 805.90		
Janet Horner (Dublin)	€ 612.29	€ 403.24		
Vincent Jackson (Dublin)	€ 612.28			
Pamela Kearns (Dublin)	€ 306.14			
Conor Keelan (Louth)	€ 453.51			
Dermot Lacey (Dublin)	€ 612.28	€ 296.80		
Brigid Manton (Dublin)	€ 680.40			
Jimmy McClearn (CoR)			€ 316.41	
Padraig McEvoy (Kildare)	€ 840.29			
Declan McDonnell (Galway)(CoR)			€ 262.80	
Paddy Meade (Meath)	€ 1,223.48			
Declan Meenagh (Dublin)	€ 396.89	€ 307.70		
Justin Moylan (Dublin)	€ 83.50			
Aisling Moran (Laois)	€ 1,231.65			
Micheal Murphy (Tipperary)(CoR)			€ 2,255.87	
Colm Murray (Longford)	€ 2,180.56			
Peter O'Brien (Dublin)	€ 459.21			
Robert O'Donoghue (Dublin)	€ 89.97			
Damien O'Reilly (Meath)	€ 668.86			
Aengus O'Rourke (WestMeath)	€ 1,784.95			
Danny Owens (Offaly)	€ 1,303.24			€ 230.12
Robert Power (Kildare)	€ 1,222.85			
Robert Power (Cathaoirleachs Allowance)	€ 6,173.20			
Una Power (Dublin)	€ 459.21			
Gerry Walsh (Dublin)	€ 952.65	€ 505.92		

Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

Eastern and Midland Regional Assembly

3ú Urlár Thuaidh
Ionad Cathartha Bhaile Munna
An Phríomhshráid
Baile Átha Cliath 9
D09C8P5

Teil: +353 1 807 4482
Ríomhphost: info@emra.ie
Suíomh gréasáin: www.emra.ie

www.emra.ie